An Roinn Oideachais agus Scileanna
Tuarascáil Bhliantúil 2010

Clár na nÁbhar

Ár Misean agus ár Spriocanna **3**

Roinn 1 – Tacaíocht a Thabhairt do Phobail Scoile **4**

Roinn 2 – Scileanna, Oiliúint agus Breisoideachas **21**

Roinn 3 – Ardoideachas agus Taighde **32**

Roinn 4 – Seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt **38**

Roinn 5 – Tacú le Soláthar Seirbhísí &
Díriú ar Riachtanais ár gCustaiméirí **49**

Aguisíní

Cairt Eagrúcháin **52**

Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne **53**

Íoc Pras Cuntas **54**

Ár Misean agus ár Spriocanna

Is é misean na Roinne Oideachais agus Scileanna ná oideachas ardchaighdeáin a sholáthar chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- A chumasú do dhaoine a gcumas iomlán a bhaint amach agus páirt iomlán ghlacadh mar bhaill den tsochaí, agus

- Rannchuidiú le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

Chun ár misean a shaothrú, tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Tacaíocht a thabhairt maidir le cáilíocht, ábharthacht agus uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimeora inár gcuid scoileanna agus feabhas a chur ar na nithe sin
2. Feabhas a chur ar na deiseanna atá ann sa bhreisoideachas agus i seirbhísí ógra
3. Ardoideachas agus taighde a chothú agus a neartú
4. Tacú le soláthar agus forbairt oideachais trí cheapadh beartas, trí phleanáil ardchaighdeáin agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí

Chun tacú leis na spriocanna ardleibhéil sin, tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí ag gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear:

- Comhairle ardchaighdeáin bheartais a sholáthar don Aire agus don Rialtas agus mar áis i ndáil le déanamh cinntí agus le cuntasacht don Oireachtas;

- Taighde, athbhreithniú, meastóireacht agus forbairt a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le gach réimse den oideachas;

- Oideachas ardchaighdeáin a chinntiú trí ról na Cigireachta ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal agus trí chomhpháirtíocht le húdaráis fhreagracha san ardoideachas agus sa bhreisoideachas agus san earnáil Ógra;

- Raon leathan feidhmeanna, is é sin le rá, feidhmeanna oibríochtúla, feidhmeanna a bhaineann le hacmhainní agus feidhmeanna tacaíochta agus ar feidhmeanna iad a bhaineann le maoiniú na hearnála, le híocaíochtaí don fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc agus le deontais do scoileanna agus do chomhlachtaí oideachais eile agus a bhaineann le leithroinnt acmhainní teagaisc agus tacaíochtaí eile, le soláthar seirbhísí síceolaíochta agus iompair scoile agus le raon feidhmeanna a bhaineann le caidrimh fhoirne agus phearsanra a chomhlíonadh;

- Bonneagar oideachais a phleanáil agus a sholáthar chun tacú le soláthar oideachais ardchaighdeáin ag gach leibhéal;

- Oideachas a fheabhsú trí chomhoibriú a dhéanamh ar bhonn Thuaidh/Theas agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla AE agus i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile.

Caibidil 1 – Tacaíocht a Thabhairt do Phobail Scoile

Sprioc Ardleibhéil a hAon: Tacaíocht a thabhairt maidir le cáilíocht, ábharthacht agus uilechuimsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimeora inár gcuid scoileanna agus feabhas a chur ar na nithe sin

Comhthéacs

Tá sé éigeantach do gach leanbh idir sé bliana agus sé bliana déag d'aois freastal ar oideachas lánaimseartha. Cé nach bhfuil oibleagáid ar leanaí in Éirinn freastal ar scoil go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois, is gnách go dtosaíonn formhór na leanaí ar scoil i mí Mheán Fómhair tar éis a gceathrú breithlá. Dá bhrí sin, bíonn formhór mór na leanaí atá ceithre bliana d'aois agus beagnach gach leanbh atá cúig bliana d'aois cláraithe sna ranganna naíonán i mbunscoileanna.

Staitisticí Clárúcháin an Chéad Leibhéil don scoilbhliain 2010/2011		
Cineál Scoile	***An Líon Scoileanna***	***Clárú Iomlán***
Bunscoileanna	3,165	509,652
Scoileanna Speisialta	140	

Freastalaíonn leanaí ó thart ar 12 bhliain d'aois go dtí 18 mbliana d'aois ar scoil dara leibhéal. I measc na scoileanna dara leibhéal áirítear meánscoileanna, gairmscoileanna, scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha.

Staitisticí Clárúcháin Dara Leibhéal don scoilbhliain 2010/2011[1]		
Cineál Scoile	***An Líon Scoileanna***	***Clárú***
Meánscoileanna	383	186,622
Gairmscoileanna	254	114,761
Scoileanna Pobail & Scoileanna Cuimsitheacha	92	54,724

Cuspóir 1.1: Tionscnaimh agus freagairtí cuí beartais a fhorbairt le bheith mar bhonn taca do bhainistíocht agus oibriú éifeachtach scoileanna ó lá go lá, lena n-áirítear raon tacaíochtaí airgeadais, foirne agus riaracháin a sholáthar.

[1] Tá áiteanna PLC san áireamh sna figiúirí clárúcháin seo ach níl áiteanna Core VTOS san áireamh iontu. In earnáil na gCoistí Gairmoideachais go príomha a sholáthraítear Cúrsaí PLC ach tá siad ar fáil, chomh maith, i roinnt Scoileanna Pobail, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna.

Tacaíochtaí Airgeadais

Ag an leibhéal bunscoile, is iad an dá phríomhfhoinse maoiniúcháin a sholáthraíonn an Roinn do scoileanna ná deontais le haghaidh Caipitíochta agus Seirbhísí Coimhdeacha. D'fhan an ráta caighdeánach i gcás an dá dheontas gan athrú sa bhliain 2010, is é sin le rá €200 in aghaidh an dalta (Caipitíocht) agus €155 in aghaidh an dalta (Seirbhísí Coimhdeacha). De bhreis air sin, bhí rátaí speisialta feabhsaithe caipitíochta, sa raon ó €512 go €986 in aghaidh an dalta, iníoctha i leith leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ar ranganna speisialta atá ann go sonrach do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta áirithe.

Soláthraítear Seirbhísí Coimhdeacha do bhunscoileanna chun foráil a dhéanamh maidir le seirbhísí rúnaíochta agus feighlíochta. Tá an deontas ceaptha chun cabhrú leis na scoileanna sin nár soláthraíodh cúnamh rúnaíochta nó feighlíochta dóibh faoi scéimeanna 1978/1979, ar scéimeanna iad ar fúthu atá scoileanna áirithe in ann leas a bhaint as rúnaí nó feighlí lánaimseartha a maoiníonn an Roinn a dtuarastail go hiomlán. Déantar méid an deontais a íoctar le scoil ar leithligh a chinneadh de réir na bhfigiúirí clárúcháin. Faigheann scoileanna a bhfuil suas go dtí 60 dalta cláraithe iontu íosdeontas agus faigheann scoileanna a bhfuil 500 dalta nó níos mó cláraithe iontu an t-uasdeontas. Mar thoradh air sin, ba é a bhí san íosdeontas do scoil sa bhliain 2010 ná €9,300 agus ba é a bhí san uasdeontas ná €77,500. I gcás ina bhfuil cúnamh feighlíochta nó cúnamh rúnaíochta ag scoil, ach gan an dá chúnamh sin a bheith aici faoi scéimeanna na Roinne, faigheann sí deontas €79.25 in aghaidh an dalta, ach sin faoi réir íosmhéid €4,755 nó uasmhéid €39,625 in aghaidh na bliana.

Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa mhaoiniú iomlán do bhunscoileanna arna sholáthar ag an Roinn ná €193 mhilliún.

Ag an dara leibhéal, ní raibh aon athrú ar an deontas cumaisc le haghaidh caipitíochta agus an chiste tacaíochta do sheirbhísí scoile (SSSF) sa bhliain 2010, is é sin le rá, €557 in aghaidh an dalta. Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa mhaoiniú iomlán do mheánscoileanna arna sholáthar ag an Roinn ná €107 milliún.

Murab ionann agus meánscoileanna deonacha, ní fhaigheann scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha deontais chaipitíochta. Ina ionad sin, tugtar buiséad do gach scoil ar leith tar éis próiseas idirbheartaíochta ar bhonn meastachán a fhaightear ó na scoileanna. Tá an buiséad sin bunaithe go príomha ar líon na ndaltaí, ach déantar nithe éagsúla nach ionann iad i gcás gach scoile a chur san áireamh freisin. Déantar maoiniú SSSF do scoileanna Pobail & scoileanna Cuimsitheacha a leithroinnt mar chuid den bhuiséad sin. Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa mhaoiniú do chostais phá agus neamh-phá neamhmhúinteoireachta arna sholáthar ag an Roinn do scoileanna Pobail agus do scoileanna Cuimsitheacha ná €48.7 milliún.

Cinneann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Choiste Gairmoideachais iomchuí na leithroinntí a thugtar do scoileanna Coistí Gairmoideachais agus íoctar iad as maoiniú neamh-phá a sholáthraíonn an Roinn. Sa bhliain 2010, ba é **€67m** a bhí sa mhaoiniú iomlán neamh-phá a cuireadh ar fáil do na 33 Choiste Gairmoideachais agus clúdaíonn an tsuim sin gníomhaíochtaí agus caiteachais eile de chuid Coistí Gairmoideachais.

Múinteoirí

Trí níos mó ná 58,674 phost múinteora (32,489 ag an gcéad leibhéal agus 26,185 ag an dara leibhéal) a sholáthar, rinne an Roinn freastal ar chomhchlárúchán thart ar 866,000 mac léinn sa dá leibhéal don scoilbhliain 2010/2011.

Seirbhísí Párolla agus Pinsin

Comhordaíonn agus riarann an Roinn raon seirbhísí párolla dóibh seo a leanas:

- Múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus catagóirí áirithe foirne cléireachais agus feighlíochta a fhostaítear i mbunscoileanna, i meánscoileanna, i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha; agus
- Baill foirne múinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta atá imithe ar scor agus a fostaíodh roimhe sin i mbunscoileanna, i meánscoileanna, i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha.

Mórfheidhm de chuid an Rannáin Párolla is ea faireachán leanúnach a dhéanamh ar chaiteachas párolla agus meastacháin chruinne a ullmhú i ndáil leis na párollaí go léir.

Tá ról riaracháin agus ról rialála ag Rannóg Pinsean na Roinne. Soláthraítear seirbhísí riaracháin do mhúinteoirí, do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do bhaill foirne áirithe neamh-mhúinteoireachta i mbunscoileanna, i meánscoileanna agus i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha. Clúdaíonn na seirbhísí raon ábhar a bhaineann le pinsin agus áirítear na nithe seo a leanas orthu sin:

- Sochair phinsin a phróiseáil tar éis do bhaill na scéime scor dá bpoist nó tar éis dóibh bás a fháil
- Meastacháin a eisiúint maidir le ceannach seirbhíse barúlaí chun críocha pinsin
- Socrú a dhéanamh maidir le haistriú seirbhíse go dtí scéimeanna pinsin eile agus uathu
- Faisnéis a sholáthar do bhaill na scéime faoina dteidlíochtaí

Áirítear an méid seo a leanas sa ról rialála:

- Scéimeanna ábhartha aoisliúntais a leasú
- Rannchuidiú le forbairt tionscnamh beartais pinsean
- Treoir agus faisnéis a bhaineann le pinsin a sholáthar do chomhlachtaí san earnáil oideachais

Sa bhliain 2010:

- Chuaigh 1,528 múinteoir ar scor
- Leathnaíodh córas párolla na Roinne chun íocaíocht do mhúinteoirí páirtaimseartha acmhainne agus tacaíochta teanga i mbunscoileanna a chur san áireamh
- €4.2bn a bhí sa chaiteachas ar phárollaí a oibríonn Rannán Párolla na Roinne agus bhí 93,000 íocaíocht á n-eisiúint gach coicís

Iompar Scoile

Oibríonn Bus Éireann an scéim seo thar ceann na Roinne. Ag an dara leibhéal, cuidíonn Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais trí ghníomhú mar Oifigigh Idirchaidrimh Iompair.

Sa bhliain 2010, bhí isteach is amach ar 125,000 dalta á n-iompar gach lá ag an tSeirbhís Iompair Scoile a chlúdaíonn thart ar 6,000 cúrsa ar fud na tíre. Daltaí iarbhunoideachais a bhí in 65,000 de na daltaí sin agus daltaí bunscoile a bhí in 60,000 díobh lena n-airítear beagnach 8,000 leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Is bord neamhspleách é an Bord Achomhairc Iompair Scoile agus scrúdaíonn sé achomhairc i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an Roinn, nó thar ceann na Roinne, i ndáil le soláthar seirbhísí iompair agus/nó cúnaimh deontais faoi théarmaí na scéimeanna iompair scoile. Sa bhliain 2010, bhreithnigh an Bord Achomhairc Iompair Scoile 76 achomharc.

Tá tuairim is 33% den chaiteachas ar iompar scoile á chaitheamh ar iompar, lena n-áirítear tacsaithe, agus ar dheontais (go háirithe tionlacain) do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta. Maidir le líon na dtacsaithe a úsáideadh sna blianta roimhe seo, tá méadú tagtha air ó thart ar 250 sa bhliain 2004 go líon os cionn 700 sa scoilbhliain 2009/10. De bhreis air sin, íocadh deontais le níos mó ná 440 teaghlach a úsáideann a bhfeithiclí príobháideacha chun leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta a iompar chuig ionad oideachais.

Maidir leis an gcostas a ghabhann le daoine a fhostú chun leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, agus a bhfuil na riachtanais chúraim ina leith de chineál a fhágann go dteastaíonn tacaíocht leanúnach uathu, a thionlacan, tá méadú mór tagtha air i gcomhréir leis an bhfás sa tseirbhís sin. I gcás na scoilbhliana 2009/2010, bhí tuairim is 1,300 duine ar fostú mar dhaoine tionlacain ar chostas bliantúil thart ar €15 mhilliún.

Cuspóir 1.2: Caighdeáin na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn

Meastóireachtaí i scoileanna

Tá freagracht reachtúil ar Rannán Cigireachta na Roinne as meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna agus in ionaid oideachais.

Le linn na bliana 2010, dhírigh an Chigireacht ar athchóiriú mórscála agus ar fhorbairt na múnlaí cigireachta a úsáideann sí chun meastóireacht a dhéanamh ar scoileanna. De bharr na forbartha sin, beidh sraith cineálacha éagsúla cigireachtaí ann, mar shampla cigireachtaí neamhfhógartha agus meastóireachtaí de chineál níos déine agus níos speisialaithe ag leibhéal na mbunscoileanna agus ag leibhéal na meánscoileanna araon. Sa bhliain 2010, leag an Chigireacht béim níos mó ar chigireachtaí teagmhasacha (gan fhógra) ar bhunscoileanna chun meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán agus ar éifeachtacht gnéithe áirithe den oideachas a sholáthraítear i scoileanna faoi ghnáthdhálaí an ghnáthlae scoile. Mar chuid den na cigireachtaí sin, déantar scrúdú ar chaighdeán an oideachais a fhaigheann an foghlaimeoir – caighdeán na múinteoireachta, caighdeán fhoghlaim na ndaltaí agus caighdeán na dtacaíochtaí a sholáthraíonn scoileanna do dhaltaí.

Cinntí Cigireachtaí Teagmhasacha 2010: Tá *Tuarascáil ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna* (a foilsíodh i mí na Samhna 2010) bunaithe ar thorthaí cigireachtaí teagmhasacha a rinneadh ar níos mó ná 450 bunscoil ar fud na tíre idir Deireadh Fómhair 2009 agus Deireadh Fómhair 2010. Le linn na gcuairteanna sin, rinne cigirí breathnú ar níos mó ná 800 ceacht Béarla agus níos mó ná 500 ceacht Matamaitice. Tá sé beartaithe an cineál seo cigireachta a leathnú chuig scoileanna iar-bhunoideachais agus chuig ionaid oideachais sa bhliain 2011 tar éis don Aire treoirlínte a eisiúint ina leith.

Meastóireacht na Scoile Uile (WSE): Is é atá i mBainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (WSE-MLL) ná forbairt nua ar an múnla cigireachta WSE ag an leibhéal iarbhunoideachais agus is é is aidhm dó ná tuarascálacha níos giorra agus níos saindírithe ar obair na scoileanna a éascú. Díríonn siad go príomha ar chaighdeán na bainistíochta agus na ceannaireachta agus ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama – is é sin le rá, na gnéithe is tábhachtaí den obair a dhéantar sa scoil. Rinne an chigireacht meastóireachtaí WSE-MLL ar bhonn trialach/forbraíochta sa bhliain 2010. Tá comhairliúchán leis na compháirtithe oideachais maidir leis an tsamhail a chríochnú, mar a éilítear le halt 13 (8) den Acht Oideachais 1998, tugtha chun críche agus *Treoir do Mheastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim i Scoileanna Iarbhunoideachais* ceadaithe lena foilsiú. Maidir le cur chun feidhme foirmiúil WSE-MLL mar ghnáthmhúnla meastóireachta, cuirfear tús leis sna cigireachtaí atá beartaithe do Mhárta 2011.

Tugann an tábla thíos forléargas ar ghníomhaíocht chigireachta ar tugadh fúithi sa bhliain 2010.

An cineál cigireachta	2010
Meastóireacht na Scoile Uile (WSE), Bunscoileanna	259
Meastóireacht na Scoile Uile (WSE), Iar-bhunscoileanna	35
Meastóireacht na scoile uile - (WSE-MLL), Iar-bhunscoileanna	24
Cigireachtaí ábhair – cigireachtaí aonair	460
Cigireachtaí ábhair – laistigh de WSE	123
Meastóireachtaí clár	42
Promhadh múinteoirí (Bunscoil) don scoilbhliain 2009/2010	1,734
Cigireacht Theagmhasach (Bunscoil)	459
DEIS (50/50 P/PP)	36
Tuarascálacha meastóireachta ar Choláistí Gaeilge	40
Ionaid oideachais (Youthreach, Ionad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach)	7
Eile	54
An líon iomlán cigireachtaí	3,273

Le linn na bliana 2010, foilsíodh 883 thuarascáil cigireachta scoile san iomlán ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie). Cinntíonn foilsiú na dtuarascálacha go mbíonn rochtain ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar fhaisnéis thábhachtach faoin gcáilíocht agus faoi na caighdeáin sa chóras oideachais. Trí thorthaí na gcigireachtaí a fhoilsiú agus a scaipeadh, tugtar tacaíocht freisin i ndáil le comhairle ábhartha ó thaobh beartais de a sholáthar don chóras oideachais.

Tuarascálacha a foilsíodh sa bhliain 2010	
WSE, Bunscoil	231
WSE, Iar-bhunscoil	40
Ionaid Oideachais	11
Cigireachtaí Ábhair/Cláir laistigh de WSE	144
Cigireachtaí Aonair Ábhair/Cláir	457
Iomlán	**883**

De bhreis ar thuarascálacha cigireachta scoile a fhoilsiú, d'fhoilsigh an chigireacht na tuarascálacha seo leanas sa bhliain 2010: *Cinntí Cigireachtaí Teagmhasacha 2010*; *Tuarascáil ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna*; agus *Oideas 55, Iris na Roinne Oideachais agus Scileanna*.

Oiliúint & Forbairt Múinteoirí

Tá an Roinn freagrach as trí ghné idirghaolmhara a ghabhann le hoideachas agus forbairt múinteoirí, is é sin le rá:

- Oideachas tosaigh do mhúinteoirí;
- Ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe; agus
- Cláir forbartha in-ghairmréime/cláir leanúnacha forbartha gairmiúla.

Oiliúint Tosaigh do Mhúinteoirí

Tá an Roinn freagrach as beartais agus bearta éifeachtacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun soláthar leordhóthanach múinteoirí bunscoile atá cáilithe agus oilte go cuí a chinntiú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Chuige sin, tá gá le hardleibhéal cumarsáide agus idirghníomhaíochta, *inter alia*, leis na Coláistí Oideachais agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá an Roinn freagrach freisin as beartais a chur i bhfeidhm maidir le hoideachas tosaigh do mhúinteoirí iarbhunoideachais, ar oideachas é atá á sholáthar ag ranna oideachais na nOllscoileanna rannpháirteacha.

De bhreis ar mhaoiniú a sholáthraítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas (féach Roinn 4), rinne an Roinn €9.9 milliún a sholáthar sa bhliain 2010 do na Coláistí Oideachais nach dtagann faoi réim an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA). Tá miondealú le fáil sa tábla thíos ar líon na gcéimithe sa bhliain 2010:

Coláistí	Céimithe B.Oid 2010	Iarchéimithe 2010
Coláistí Neamh-HEA:		
Coláiste Froebel	80	61
Coláiste Mhuire, Marino	105	106
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	30	-
Coláistí HEA:		
Coláiste Phádraig	388	189
Coláiste Mhuire Gan Smál	440	149
Iomlán	**1,043**	**505**

Ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe

Bunaíodh an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí i Meán Fómhair 2010. D'eascair an clár ionduchtúcháin as tionscadal náisiúnta píolótach ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile ar tionscadal é a tionscnaíodh sa bhliain 2002. Is ionann cur i bhfeidhm cláir chuimsithigh ionduchtúcháin do gach múinteoir nua-cháilithe agus céim mhór chun tosaigh maidir le leanúntas a chur ar bun i dtaca le hoideachas múinteoirí in Éirinn. Cuireadh an tionscadal píolótach ar bun ar dtús mar thionscnamh comhpháirtíochta idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, mar a bhí an tráth sin, na trí Cheardchumann múinteoirí, na Coláistí Oideachais/hOllscoileanna agus na scoileanna a bhí rannpháirteach sa tionscadal. Ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh, leanadh den chlár ionduchtúcháin a bhainistiú de réir an mhúnla a oibríodh le linn na céime píolótaí: leanadh den chlár bunscoile a oibriú i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, agus lean Scoil an Oideachais agus na Foghlama ar Feadh an tSaoil, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, den chlár iar-bhunscoile a riaradh. Sa bhliain 2010, soláthraíodh maoiniú €1.02 milliún don Chlár Náisiúnta Ionduchtúcháin.

Is é is aidhm ghinearálta don Chlár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (NIPTD) ná tacú le múinteoirí nua-cháilithe (NQT-anna) ina gcéad bhliain múinteoireachta trí chur lena bhfoghlaim ag an gcéad chéim den oideachas tosaigh do mhúinteoirí (ITE) agus trí chlár éifeachtach ardchaighdeáin ionduchtúcháin a sholáthar. Leanfar den chlár ionduchtúcháin a shainmhúnlú go cúramach de réir riachtanais ghairmiúla na NQT-anna agus déantar athbhreithniú, mínchóiriú agus feabhsú air go leanúnach ar bhonn cinntí ó thaighde agus aiseolais ó na páirtithe go léir lena mbaineann, go háirithe na NTQ-anna. I gcomhthéacs uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as acmhainní láithreacha, cuirfear san áireamh aon riachtanais maidir le tosaíochtaí córais, agus go sonrach na príomhspriocanna atá leagtha amach in *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*.

Forbairt Ghairmiúil Leantach

Tá 21 ionad oideachais lánaimseartha agus 9 n-ionad páirtaimseartha ann ar fud na tíre i ngréasán an Ionaid Oideachais, oibríonn sé faoi choimirce na Rannóige Oideachais do Mhúinteoirí sa Roinn agus fónann sé mar bhonneagar réigiúnach i dtaca le seirbhísí forbartha gairmiúla leantaí agus seirbhísí eile tacaíochta a sholáthar do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus ag an dara leibhéal araon. Reáchtálann na hionaid sin cláir náisiúnta maidir le hathchóiriú curaclaim agus tairgeann siad seirbhísí tacaíochta agus cúrsaí a chlúdaíonn raon leathan ábhar a bhaineann le múinteoireacht agus le foghlaim. Soláthraíodh maoiniú €4.64m do na hionaid sa bhliain 2010.

I gcomhthéacs na srianta reatha, tá an Roinn tar éis athcheapadh a dhéanamh, trína Rannóg Oideachais do Mhúinteoirí (TES), ar an soláthar a dhéanann sí maidir le tacaíocht do scoileanna agus maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Mar thoradh ar an athcheapadh sin táthar tar éis athrú chuig seirbhís tacaíochta trasearnála nua, ar seirbhís chineálach chomhtháite í, agus bunaíodh an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST) i Meán Fómhair 2010. Is é atá sa PSDT ná seirbhís Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí trína ndéantar múinteoirí ó Bhunscoileanna agus ó scoileanna Iar-Bhunoideachais a tharraingt le chéile mar fhoireann tacaíochta chomhtháite amháin agus í ag obair ar bhonn réigiúnach faoi cheannas Stiúrthóra Náisiúnta. Tagann na seirbhísí tacaíochta seo a leanas faoi réim an PDST anois:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile;
- Forbairt Ceannaireachta i Scoileanna;
- An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal;
- An Clár um Chosc ar Dhrochúsáid Leanaí;
- Clár Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí;
- Tionscadal na Scoileanna Sraithe Sóisearaí;
- An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Substaintí;
- An Clár Athshlánú Mata; agus
- An Clár Athshlánú Léitheoireachta

Comhoibríonn an PDST go dlúth le Gréasán an Ionaid Oideachais chun déileáil le riachtanais forbartha gairmiúla arna sainaithint ag scoileanna, le riachtanais arna sainaithint mar chuid de WSE agus le tosaíochtaí náisiúnta córais.

Ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh, tá Seirbhís Tacaíochta na Gaeilge, a bhí ina cuid den SLSS, ag oibriú mar sheirbhís aonair faoi choimirce Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain.

Mar chuid d'fhorbairt an Tionscadail Mata, tá forbairt ghairmiúil múinteoirí á soláthar ag Foireann Forbartha an Tionscadail Mata (PMDT) atá ag obair i gcomhar le hoifigigh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Cuireadh tús le forbairt náisiúnta an tionscadail i Meán Fómhair 2009 nuair a thosaigh PMDT ag soláthar cúrsaí in-seirbhíse roimh chur i bhfeidhm na siollabas athbhreithnithe matamaitice sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach araon. Thosaigh an tionscnamh seo i ngach scoil dara leibhéal ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Cúrsa Samhraidh sa bhliain 2010. Is é is príomhchuspóir don chlár seo ná scileanna oideolaíochta (straitéisí teagaisc, nó stíl teagaisc) agus bainistíochta múinteoirí a chur chun cinn i gcomhthéacs obair na bunscoile. Reáchtáladh 753 chúrsa sa bhliain 2010 agus ghlac 26,949 múinteoir san iomlán páirt iontu.
Is é is cuspóir don Scéim Aisíocaíochta do Mhúinteoirí ná cistí a sholáthar i gcomhair chostais táillí cúrsa agus scrúdaithe tar éis cúrsaí forbartha inseirbhíse a chríochnú go rathúil, is é sin le rá, cúrsaí atá ceadaithe ag údaráis na Roinne agus ag údaráis scoile. Sa bhliain 2010, rinne an Roinn maoiniú os cionn €530k a sholáthar do 450 iarratasóir rathúil san iomlán faoin Scéim seo.

Clár ICT i Scoileanna

Ón tráth a tionscnaíodh an clár seo sa bhliain 1998, tá comhtháthú ICT i múineadh agus i bhfoghlaim i scoileanna chéad leibhéil agus dara leibhéal agus forbairt litearthacht ríomhaireachta mac léinn á saothrú aige. Díríonn an clár ar na ceithre réimse leathana seo a leanas:

- Bonneagar riachtanach ICT a sholáthar laistigh de scoileanna
- Rochtain ar nascacht leathanbhanda a sholáthar do scoileanna
- Forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) do mhúinteoirí i ndáil le ICT
- ICT a chomhtháthú sa churaclam agus inneachar digiteach agus bogearraí digiteacha a bhaineann leis an gcuraclam a sholáthar.

Saothraítear straitéisí trí obair an Aonaid Beartais ICT agus an Lárionaid Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le seirbhísí tacaíochta eile agus le comhlachtaí ionadaíocha eile de réir mar is cuí. Go háirithe, déanann an NCTE bainistíocht dhíreach ar roinnt gnéithe tábhachtacha de chuid an chláir, lena n-áirítear clár náisiúnta CPD, tairseach náisiúnta an inneachair dhigitigh (Scoilnet) agus an deasc chabhrach leathanbhanda do scoileanna.

Chun cur leis an infheistíocht tosaigh €22m i mí na Samhna 2009, leathnaíodh scéim an **Deontais Bonneagair ICT** sa bhliain 2010. Leithroinneadh €24m eile ag an leibhéal bunscoile. Iarradh ar scoileanna, mar chuid den chaiteachas as a gcistí cinneachta deontais, tús áite a thabhairt d'úsáid teilgeora dhigitigh agus ríomhaire múinteoireachta i ngach seomra ranga agus iarradh ar scoileanna dara leibhéal go háirithe tús áite a thabhairt do sholáthar trealaimh i seomraí ranga ina múintear matamaitic.

Sa bhliain 2010, infheistíodh os cionn €5.7 milliún faoi Chéim II den **Chlár Leathanbhanda do Scoileanna**. Amhail ag deireadh mhí na Nollag 2010, tá 97% de na naisc scoile ar an tseirbhís nua ag na soláthraithe nua seirbhíse agus, dá thoradh sin, tá méadú tagtha ar an leithead banda agus tá sábháil airgid bainte amach.

Lean an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) de bhainistíocht a dhéanamh ar an bhfochlár ICT CPD ar fud na bliana 2010 agus shocraigh sé forbairt agus soláthar níos mó ná 12, áit oiliúna múinteoirí thar raon leathan cúrsaí agus seimineár r-fhoghlama saor in aisce do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. Ina theannta sin, bainistíonn an NCTE clár náisiúnta sábháilteachta idirlín agus an láithreán gréasáin a ghabhann leis an gclár sin (www.webwise.ie) agus faigheann an clár seo an chuid is mó dá mhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach. De bhreis air sin, leanann sé de bhainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt chomhoibritheach, ar fháil agus ar scaipeadh inneachair dhigitigh a bhaineann leis an gcuraclam, ar inneachar é a sholáthraítear go príomha trí láithreán gréasáin Scoilnet (www.scoilnet.ie), an tairseach náisiúnta do ICT san Oideachas, agus fuair an láithreán sin thart ar 1.66m cuairt le linn na bliana 2010 ar bheagnach 12,000 acmhainn mhúinteoireachta athbhreithnithe. Déanann an NCTE bainistíocht freisin ar raon tionscadal nuálach píolótach i roinnt scoileanna, lena n-áirítear *Scéim Ghradam na Scoileanna Digiteach* a raibh 232 scoil cláraithe ina leith ag deireadh na bliana 2010.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Tá fáil ag gach Bunscoil agus ag gach scoil Iar-Bhunoideachais ar mheasúnuithe síceolaíochta go díreach trí shíceolaí NEPS atá sannta dóibh nó tríd an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Ina theannta sin, soláthraíonn NEPS cúnamh, ach é a iarraidh, do gach scoil agus do gach pobal scoile a dtarlaíonn teagmhais chriticiúla iontu agus próiseálann sé iarratais ar Chóiríocht Réasúnach do

Scrúduithe Teastais (RACE) agus freagraíonn sé ar fhiosruithe i ndáil le leanaí ar leithligh ó rannóga eile den Roinn agus ó ghníomhaireachtaí speisialtachta.

Le linn na scoilbhliana 2009/2010, bhí síceolaithe NEPS bainteach le nithe a tarchuireadh (cás-obair) chucu i ndáil le thart ar 8,052 mac léinn ainmnithe agus meastar freisin go ndearna siad idirghabháil, agus gur sholáthraigh siad comhairle, i ndáil le 7,750 mac léinn neamhainmnithe eile. Rinneadh thart ar 2,635 mheasúnacht a mhaoiniú faoin SCPA ar chostas tuairim is €0.8m.

I gcás na scoilbhliana 2010/11, sannadh síceolaithe NEPS chuig 77% de na bunscoileanna (atá ionadaíoch do 84% de na daltaí) agus chuig 92% de na scoileanna iar-bhunoideachais (agus daltaí) agus b'ionann sin agus méadú imeallach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

De bhreis air sin, rinne siad moltaí maidir le thart ar 4,100 dalta breise faoi scéim na Cóiríochta Réasúnaí do Scrúduithe Teastais (RACE) thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus d'fhreastail siad ar thart ar 93 theagmhas chriticiúla i scoileanna arna iarraidh sin ag údaráis na scoileanna.

Ba é a bhí i méid foriomlán an chaiteachais ar sheirbhís NEPS sa bhliain 2010 ná €16.66m.

Tacú le hobair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus Choimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)

Bunaíodh an NCCA ar bhonn reachtúil sa bhliain 2001 agus is é an cúram atá uirthi, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998, ná comhairle a thabhairt don Aire maidir le nithe a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa mhaoiniú arna sholáthar ag an Roinn don NCCA ná €3.837 milliún.

Bunaíodh an SEC sa bhliain 2003 (faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998) agus tá sé freagrach as scrúduithe dara leibhéal na hÉireann a fhorbairt, a mheasúnú, a chreidiúnú agus a dheimhniú: An Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht. Rinne an SEC tuairim is 1.76 milliún mír chomhchodach a ullmhú agus a scrúdú do 114,000 iarrthóir a rinne na scrúduithe sin sa bhliain 2010. Sa bhliain 2010 rinne an Roinn maoiniú €54.286 milliún[2] a sholáthar don SEC.

[2] Tá an figiúr seo don SEC glan ar ioncam ó tháillí.

Cuspóir 1.3: Acmhainní spriocdhírithe a sholáthar chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn inár scoileanna

DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) – Plean Gníomhaíochta maidir le hUilechuimsitheacht Oideachais

Faoin tionscnamh sonrach seo a sheol an Roinn sa bhliain 2005, tá na bearta atá luaite thíos curtha i bhfeidhm cheana féin.

- Cóimheas laghdaithe idir daltaí agus múinteoirí i limistéir uirbeacha is mó atá faoi mhíbhuntáiste
- Leithroinnt príomhoidí riaracháin i limistéir uirbeacha ar bhonn figiúirí clárúcháin agus foirne atá níos ísle ná mar atá ann i gcoitinne i mbunscoileanna
- Maoiniú breise caipitíochta atá bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Maoiniú breise do leabhair scoile
- Rochtain ar an gClár Béilí Scoile
- Rochtain ar thacaíochtaí agus bearta uimhearthachta/litearthachta ag an leibhéal bunscoile
- Rochtain ar sheirbhísí Idirchaidrimh Baile/Scoile/ Pobail (HSCL)
- Rochtain ar an gClár Críochnaithe Scoile (SCP)
- Soláthar feabhsaithe treoirchomhairleoireachta ag an leibhéal iarbhunscoile
- Rochtain ar thacaíochtaí pleanála
- Soláthar do thacaíocht leabharlainne agus leabharlannaí scoile ag an dara leibhéal
- Rochtain ar Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) agus ar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Rochtain ar raon tacaíochtaí forbartha gairmiúla

Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST***)*** freagrach as straitéisí litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm agus a chomhordú. Áirítear an méid seo a leanas i measc na nithe sin:

- ***An Clár Athshlánú Léitheoireachta***, ar idirghabháil scoilbhunaithe é atá ceaptha chun fadhbanna litearthachta a laghdú laistigh den chóras oideachais. Is idirghabháil luath é a chuireann tréimhse dianmhúinteoireachta aonair ar fáil do leanaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu le léitheoireacht agus scríbhneoireacht tar éis dóibh bliain amháin a chaitheamh ar scoil.
- ***An Clár Céimeanna Tosaigh***, a thugann aghaidh ar riachtanais litearthachta i mbunscoileanna. Áirítear cúrsaí forbartha gairmiúla agus ábhair thacaíochta do mhúinteoirí bunscoile ann. Cuireann sé modh cruinn ar fáil do mhúinteoirí chun inniúlachtaí agus dul chun cinn leanaí i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus teanga labhartha a mheasúnú agus chun faireachán a dhéanamh ar na nithe sin.
- ***An Clár Athshlánú Mata***, ar forbraíodh é mar fhreagairt chórasach ar fhadhb na teipe tromchúisí i matamaitic scoile. Soláthraíonn sé clár dianmhúinteoireachta aonair do dhaltaí chun iad a thabhairt ar aghaidh chuig leibhéal ar dócha go n-éireodh leo foghlaim i rang rialta.
- ***An Clár Mata Réidh Ar Aghaidh*** ar clár idirghabhála é a bhfuil lámhleabhar praiticiúil treorach do mhúinteoirí mar chuid de maidir le húsáid raon leathan gníomhaíochtaí agus ábhar chun cur ar a gcumas caighdeán agus éifeachtúlacht na luathfhoghlama in uimhearthacht do leanaí a fheabhsú.

Tugann na staitisticí seo a leanas suntas don tionchar a bhí ag DEIS ar fud na tíre sa bhliain 2010:

- D'fhreastail 101,307 leanbh bunscoile ar scoileanna a fuair tairbhe ó bhearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- D'fhreastail 62,286 mac léinn iarbhunscoile ar scoileanna a fuair tairbhe ó bhearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- 573 múinteoir ranga breise ag an leibhéal bunscoile
- 136 múinteoir ranga breise ag an leibhéal iarbhunscoile
- 47 bunscoil a bhaineann leas as seirbhísí 43 mhúinteoir Tacaíochta
- Ceapadh 39 Príomhoide Riaracháin breise i mbunscoileanna uirbeacha DEIS, ar bhonn figiúirí clárúcháin agus foirne atá níos ísle ná mar atá ann i gcoitinne i mbunscoileanna
- Tá seirbhísí 450 Comhordaitheoir Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail/Comhordaitheoir Tuaithe ar fáil do 163,593 leanbh i 876 scoil DEIS
- Tá rochtain ag 180,000 leanbh agus daoine óga a fhreastalaíonn ar 697 scoil (224 iarbhunscoil agus 473 bunscoil) ar an SCP
- Díríodh go sonrach faoin SCP ar thart ar thuairim is 35,000 leanbh agus duine óg, a raibh baol ann go bhfágfaidís an scoil go luath, le haghaidh dian-idirghabhálacha agus spriocdhíríodh idirghabhálacha eile ar bhonn scoile uile
- Faoin SCP, díríodh ar thuairim is 800 duine óg faoin SCP a roghnaigh an scoil a fhágáil chun idirghabhálacha a dhéanamh leo d'fhonn iad a thabhairt ar ais san áireamh sa chóras oideachais
- Roinn 679 bunscoil íocaíochtaí arbh ionann iad agus beagnach €10.77 milliún ar mhodh cúnaimh deontais bhreise chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 38,880 dalta cáilithe ann sna scoileanna sin agus b'ionann an líon sin agus 38.4% den chlárúchán iomlán do na scoileanna seo
- Roinn 200 iarbhunscoil íocaíochtaí arbh ionann iad agus beagnach €3.3 milliún ar mhodh cúnaimh deontais bhreise chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 21,000 dalta cáilithe ann sna scoileanna sin agus b'ionann an líon sin agus 34% den chlárúchán iomlán do na scoileanna seo
- Roinn 676 bunscoil DEIS agus 200 iarbhunscoil DEIS íocaíochtaí thart ar €4.6 milliún chun tacú le páistí leochaileacha trína chinntiú gur leanadh de leabhair scoile a bheith ar fáil do leanaí faoi mhí-mhíbhuntáiste
- Ba é a bhí i líon na mbunscoileanna DEIS a raibh an clár Athshlánú Léitheoireachta á chur i bhfeidhm acu ná 237.
- Tá roinnt sraitheanna ann sa chlár Céimeanna Tosaigh (FS) agus is iad na trí cinn atá á dtabhairt isteach fós i scoileanna uirbeacha DEIS Céimeanna Tosaigh Scríbhneoireachta, Céimeanna Tosaigh Léitheoireachta agus Céimeanna Tosaigh Labhartha agus Éisteachta. Go dtí seo, tá 337 scoil ann ina bhfuil múinteoirí oilte maidir le Céimeanna Tosaigh Scríbhneoireachta, tá 216 scoil ann ina bhfuil múinteoirí oilte maidir le Céimeanna Tosaigh Léitheoireachta agus tá 44 scoil ann ina bhfuil múinteoirí oilte maidir le Céimeanna Tosaigh Labhartha agus Éisteachta.
- Tá sraith amháin ar a laghad den chlár Céimeanna Tosaigh á cur i bhfeidhm ag gach scoil.
- Tá an clár Athshlánú Mata á chur i bhfeidhm go gníomhach anois ag 301 scoil DEIS san iomlán
- Tá JCSP á chur i bhfeidhm i 184 scoil DEIS
- Tá 29 scoil DEIS ag gabháil do thionscadal Leabharlann Taispeántais JCSP faoi láthair

Choimisiúnaigh an Roinn an tIonad Taighde Oideachais (ERC) chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar thionscnamh DEIS thar thréimhse phlean gníomhaíochta DEIS go dtí an bhliain 2010. Bhain an chéad chéim den mheasúnú le tástálacha tosaigh i dtuairim is 480 bunscoil DEIS i mBealtaine 2007 chun sonraí bunúsacha a shuíomh a bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir iad agus torthaí tástálacha ina dhiaidh sin. In earrach na bliana 2010, rinneadh atástáil sna scoileanna céanna agus cuid mhór de na daltaí céanna páirteach sa tástáil. Le linn thréimhse an mheasúnaithe, bhí raon leathan suirbhéanna agus ceistiúchán ann mar chuid den mheasúnú freisin. Chríochnaigh Cigireacht na Roinne measúnú comhlántach ar chur i bhfeidhm thionscnaimh pleanála agus feabhsaithe DEIS i scoileanna. Táthar ag súil go mbeidh tuarascálacha ar an measúnú ar fáil ó ERC agus ón gCigireacht faoi dheireadh na bliana 2011.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)

Bunaíodh an NEWB sa bhliain 2002 faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Sa bhliain 2010, d'oibrigh na sraitheanna éagsúla den Bhord, is é sin le rá, an tSeirbhís Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail (HSCL), an Clár Críochnaithe Scoile (SCP), an tSeirbhís Múinteora Cuairte don Lucht Siúil (VTST) agus an tSeirbhís Náisiúnta Leasa Oideachais (EWS) le chéile go comhoibritheach agus go comhtháite chun torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Tá tuilleadh faisnéise faoi obair an Bhoird ar fáil óna láithreán gréasáin www.newb.ie.

Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa mhaoiniú arna sholáthar ag an Roinn don NEWB ná €8.695 milliún.

Achomhairc maidir le hEisiamh agus Diúltú Clárúchán a dhéanamh

Le halt 29 den Acht Oideachais 1998 ceadaítear achomharc a dhéanamh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna i leith cinnidh ó Bhord Bainistíochta chun mac léinn a eisiamh go buan ón scoil, chun mac léinn a chur ar fionraí ó scoil ar feadh tréimhse a d'fhágfadh gurb ionann agus 20 lá scoile an tréimhse charnach fionraíochta in aon scoilbhliain áirithe, nó chun diúltú mac léinn a chlárú.

Sa bhliain 2010, próiseáladh 369 achomharc maidir le hAlt 29 san iomlán. Bhain 294 díobh sin le scoileanna Iar-Bhunoideachais agus bhain 75 díobh le bunscoileanna. Réitíodh 144 achomharc roimh an éisteacht trí idirghabháil a dhéanamh nó tríd an achomharc a tharraingt siar. Maidir leis an 225 achomharc eile a raibh éisteacht iomlán ann ina leith, seasadh le 35 díobh, níor seasadh le 170 díobh agus cuireadh 20 ceann díobh ar ais chuig an mBord Bainistíochta lena mbreithniú.

Athghiniúint Luimnigh

Trína hOifig i Luimneach, cinntíonn an Roinn go ndéantar na hacmhainní le haghaidh oideachais a úsáid go comhleanúnach agus go héifeachtach i gcomhair an cumas a thabhairt do gach leanbh agus do na daoine óga go léir sna limistéir athghiniúna chun saol níos fearr a bheith acu de bharr bonn fónta oideachais a fháil. Baineann an Roinn an méid sin amach trí rannchuidiú leis an gclár athghiniúna fadtéarmaí, idir athghiniúint fhisiciúil agus athghiniúint shóisialta, de réir mar atá leagtha amach i Máistirphlean Athghiniúna Luimnigh.

Cuspóir 1.4: Cóiríocht chuí agus saoráidí cuí a chur ar fáil chun oideachas ardchaighdeáin a sholáthar

Infheistíodh €526m san iomlán sa bhliain 2010 sa chlár tógála agus nuachóirithe scoileanna. Soláthraíodh an infheistíocht sin trí roinnt fochlár sainiúil amhail tionscadail mhórscála trínar soláthraíodh scoileanna nua agus méaduithe/athfheistiú, trína bhfuarthas láithreáin, an scéim cóiríochta breise, Scéim na nOibreacha Samhraidh, oibreacha éigeandála, trealamh corpoideachais a sholáthar, troscán agus trealamh a sholáthar, an scéim éifeachtúlachta fuinnimh agus deontas mionoibreacha do scoileanna.

Tionscadail Mhórscála

Sa bhliain 2010, bhí 18 tionscadal mórscála i mbunscoileanna chóir a bheith críochnaithe, agus chuir na tionscadail sin 3,752 áit scoile bhuana ar fáil i scoileanna nua (lena n-áirítear 3,192 áit bhuana bhreise i scoileanna nua) agus soláthraíodh áiteanna scoile buana agus saoráidí feabhsaithe do 1,484 dalta eile i scoileanna láithreacha.

Sa bhliain 2010, bhí 3 tionscadal mórscála chóir a bheith críochnaithe san earnáil iar-bhunoideachais, agus chuir na tionscadail sin 950 áit scoile buana san iomlán ar fáil i scoileanna nua agus soláthraíodh saoráidí feabhsaithe do 600 dalta eile i scoil láithreach.

Tionscadail ar Scála Níos Lú

Rinneadh 2,650 tionscadal ar scála níos lú (Cóiríocht bhreise, oibreacha samhraidh agus oibreacha éigeandála) a chineachadh chuig earnáil na mBunscoileanna agus chuig earnáil na Scoileanna Iar-bhunoideachais lena soláthar sa bhliain 2010.

Rinneadh 203 tionscadal bhreise cóiríochta a chríochnú san earnáil bunscoile agus soláthraíodh 4,424 áit scoile bhuana agus 1,624 áit scoile i gcóiríocht shealadach.

Rinneadh 49 tionscadal bhreise cóiríochta a chríochnú san earnáil iar-bunscoile agus soláthraíodh 1,368 áit scoile bhuana agus 665 áit scoile i gcóiríocht shealadach.

An Clár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP)

Mar chuid de thionscnamh an Rialtais a fógraíodh sa bhliain 2005, rinneadh 23 scoil nua Iarbhunoideachais agus 4 bhunscoil nua san iomlán a shainaithint i 22 ionad mar thionscadail a bhí le soláthar. I Meán Fómhair 2010, tháinig 4 scoil PPP chun bheith feidhmiúil agus, amhail mí na Nollag 2010, bhí 14 scoil eile ag céim na fála.

Cuspóir 1.5: Raon acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Tacaíochtaí Oideachais

Déanann an Roinn foráil maidir le raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, trealamh feabhsaithe agus socruithe speisialta iompair[3].

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó bhunscoileanna agus ó scoileanna iar-bhunoideachais ar thacaíochtaí le haghaidh riachtanas speisialta oideachais Soláthraítear a chuid seirbhísí trí ghréasán náisiúnta d'Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) a ndéanann idirghníomhú le tuismitheoirí agus le scoileanna agus a mbíonn idirchaidreamh acu le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le hacmhainní a sholáthar chun tacú le leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Ba é a bhí sa chostas ar an Roinn as maoiniú an NCSE sa bhliain 2010 ná €8.2m.

Amhail an 31/12/10, ba é a bhí i líon na múinteoirí tacaíochta/acmhainne i mbunscoileanna agus i scoileanna iar-bhunoideachais príomhshrutha ná líon a bheadh coibhéiseach le 9,594 múinteoir lánaimseartha den sórt sin. De bhreis air sin, soláthraíonn 1,159 múinteoir oideachas do leanaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta.

[3] Féach an Scéim Iompair Scoile faoi chuspóir 1.1

Maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta cúraim acu, faigheann siad tacaíocht freisin ó chúntóirí riachtanas speisialta (SNA). Ag deireadh na bliana 2010, bhí 10,543 SNA ann i mbunscoileanna, i scoileanna iarbhunoideachais agus i scoileanna speisialta.

Soláthraíonn an ***Scéim Teagaisc Baile***[4] maoiniú do thuismitheoirí chun oideachas a sholáthar sa bhaile do leanaí nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar chúiseanna éagsúla, mar shampla tinneas ainsealach. Bhain thart ar 830 dalta leas as an Scéim Oideachais Speisialta Teagaisc Baile i rith na scoilbhliana dar chríoch mhí an Mheithimh 2010. B'ionann an costas a bhain leis an gclár seo a fheidhmiú sa bhliain 2010 agus thart ar €7.96 milliún.

Tá ***Clár Oideachais Mhí Iúil*** ar fáil do gach scoil speisialta agus do gach bunscoil phríomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta a fhreastalaíonn ar leanaí ar a bhfuil uathachas, ar scoileanna iad a roghnaíonn a seirbhísí oideachais a fhadú go dtí deireadh mhí Iúil. Déanann an Roinn foráil freisin maidir le Clár mhí Iúil do dhaltaí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta géar/trom. I gcás nach bhfuil soláthar scoilbhunaithe indéanta, féadtar cúnamh deontais a chur ar fáil do sholáthar bailebhunaithe tríd an scéim teagaisc baile. Ghlac 9 scoil bhreise páirt sa chlár scoil-bhunaithe sa bhliain 2010 chun líon iomlán na scoileanna a mhéadú go 130 agus bhain tuairim is 1,600 leanbh leas as teagasc baile-bhunaithe Oideachas Mhí Iúil sa bhliain 2010. Ba é a bhí sa chostas iomlán a bhain leis an tseirbhís seo sa bhliain 2010 ná suim a bhí thart ar €10.7 milliún.

Forbairt Ghairmiúil Leantach do mhúinteoirí leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais

Sa bhliain 2010, soláthraíodh 22,840 áit (324 áit chreidiúnaithe iarchéime) a sholáthar don Fhorbairt Ghairmiúil Leantach i Riachtanais Speisialta Oideachais trí chúrsaí in institiúidí tríú leibhéal faoi choimirce na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) agus na Roinne. Gné lárnach den tacaíocht seo ab ea rochtain a sholáthar ar dhianoiliúint do mhúinteoirí ó thuairim is 300 aonad uathachais, ar dianoiliúint í a bhain le Neamhoird ar Speictream an Uathachais (ASD) sa bhliain 2010 agus a chlúdaigh raon cur chuige ASD-sonrach maidir le foghlaim agus múineadh. Sa bhliain 2010, rinne an Roinn €2.9m a sholáthar i gcomhair oiliúint a sholáthar do mhúinteoirí leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais, ar oiliúint í a soláthraíodh trí SESS agus trí na cláir chreidiúnaithe iarchéime.

Leanadh den fhorbairt ar sholáthar na gclár creidiúnaithe iarchéime tríd an gcaidreamh oibre idir an Roinn agus na hinstitiúidí seo a leanas:

- *Coláiste Phádraig, Droim Conrach*
- *Coláiste Naomh Aingeal, Sligeach*
- *Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais*
- *Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach*
- *An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*
- *Coláiste na hOllscoile, Corcaigh*
- *Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

Cuireann na hinstitiúidí seo Comhchlár Dioplóma Iarchéime i bhForbairt Ghairmiúil Leantach ar fáil do Mhúinteoirí atá rannpháirteach i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta.

Déantar ardoiliúint i múineadh mac léinn ar a bhfuil neamhoird ar speictream an uathachais (ASD) a sholáthar freisin trí na cláir chreidiúnaithe iarchéime seo a leanas:

- Tá Teastas Iarchéime in Oideachas Daltaí ar a bhfuil ASD ar fáil i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ó bhí an bhliain 2001 ann

[4] Leathnaíodh an scéim le déanaí chun teagasc a éascú do leanaí atá ag fanacht le háit oiriúnach oideachais agus chun foráil a dhéanamh maidir le hidirghabháil luath i gcás leanaí réamhscoile a bhfuil Uathachas orthu.

- Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime ar CPD i SEN (ASD) do Mhúinteoirí atá á sholáthar ag Coláiste Naomh Aingeal, Sligeach, i gcomhar leis an SESS, agus atá ar fáil ó bhí an bhliain 2008 ann.

Leanaí ar a bhfuil Uathachas

Rinne na hionaid go léir atá páirteach i scéim phíolótach na hAnailíse Iompair Feidhmí (ABA) arna maoiniú ag an Roinn iarratas ar aitheantas, agus fuair siad aitheantas, mar scoileanna speisialta do leanaí ar a bhfuil uathachas.

Sa bhliain 2010, ceadaíodh 29 rang breise i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta le haghaidh leanaí ar a bhfuil uathachas, rud a d'fhág go raibh 364 rang speisialta den sórt sin ann san iomlán ag deireadh 2010. I rith na bliana freisin ceadaíodh aon rang déag breise luath-idirghabhála do leanaí ar an speictream uathachais rud a d'fhág go raibh 45 rang luath-idirghabhála ann san iomlán ag deireadh 2010.

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (EPSEN)

Tugadh gealltanas sa Chlár athnuaite, a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2009, plean ilbhliantúil costáilte a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí chun roinnt gnéithe tosaíochta den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) a chur i bhfeidhm, agus aird ar leith á díriú ar dhul chun cinn intomhaiste praiticiúil i seirbhísí oideachais agus sláinte do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta. Cuireadh tús le caibidlíochtaí sa bhliain 2010 idir an Roinn seo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí chun cur i bhfeidhm an ghealltanais sin a chur chun cinn.

Cuspóir 1.6: Acmhainní agus tacaíochtaí spriocdhírithe a sholáthar do leanaí nuathagtha

Tá na hacmhainní a leithroinntear ar scoileanna chun freastal ar riachtanais daltaí atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) sa bhreis ar thacaíochtaí agus maoiniú eile a sholáthraítear do scoileanna. Déantar na daltaí uile, lena n-áirítear daltaí inimirceacha (beag beann ar a gcumas i mBéarla), a chur san áireamh sna gnáth-chóimheasa idir múinteoirí agus daltaí sna scoileanna.

I gcomhar le tuismitheoirí agus múinteoirí ranganna príomhshrutha, sainaithníonn múinteoirí tacaíochta EAL daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga bhreise uathu, déanann siad measúnú ar chumas na ndaltaí i mBéarla agus úsáid á baint as na hábhair measúnaithe acu, ceapann siad cláir chuí teanga, soláthraíonn siad na cláir agus déanann siad faireachán ar dhul chun cinn na ndaltaí, chomh maith leis an dul chun cinn sin a thaifeadadh. Roinneann siad a saineolas le múinteoirí ranganna príomhshrutha agus tugann siad cabhair maidir le dea-chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh chun tacú le forbairt chumas Béarla na ndaltaí.

Tá scoileanna ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iarbhunscoile araon, ar scoileanna ina bhfuil idir 14 agus 30 dalta a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, i dteideal múinteoir tacaíochta EAL breise amháin a bheith acu. Tá scoileanna ina bhfuil idir 31 agus 90 dalta i dteideal an dara múinteoir tacaíochta EAL a bheith acu. Mar bheart breise maolaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ina bhfuil líon suntasach daltaí a dteastaíonn EAL uathu i dteideal suas le beirt mhúinteoir tacaíochta EAL breise a bheith acu. Rinneadh 1,380 múinteoir tacaíochta EAL san iomlán a leithroinnt don scoilbhliain 2010/11.

I gcás inar lú ná 14 dhalta an líon daltaí a dteastaíonn EAL uathu i scoil áirithe, leithroinntear cabhair dheontais ag leibhéal bunscoile chun maoiniú i ndáil le soláthar tacaíochta EAL páirtaimseartha a éascú don Bhord Bainistíochta agus déantar tacaíocht EAL dara leibhéal a leithroinnt ar bhonn uaireanta múinteoireachta páirtaimseartha.

I gcomhar le hOifig an Aire Lánpháirtíochta, d'fhoilsigh an Roinn a Straitéis Oideachais Ilchultúrtha sa bhliain 2010 chun cabhrú le hinstitiúidí oideachais ag gach leibhéal maidir le timpeallachtaí foghlama atá uilechuimsitheach, lánpháirtithe agus ilchultúrtha a chruthú dá mic léinn go léir[5].

Cuspóir 1.7: Tacú le forbairt agus soláthar oideachais ardchaighdeáin luathóige

Oibríonn Éire córas deighilte rialachais ina bhfuil an Roinn seo freagrach as soláthar oideachas luathóige i dtionscnaimh spriocdhírithe do leanaí atá 'i mbaol míbhuntáiste oideachais' san aoisghrúpa 3-4 (e.g. Tosach Luath agus Réamhscoileanna don Lucht Siúil) agus do Ranganna Naíonán i mbunscoileanna atá ag freastal ar leanaí san aoisghrúpa 4-6. Tá Soláthar Cúraim Leanaí do leanaí ón tráth a bheirtear iad ar aghaidh á rialú ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, ar oifig í a rialálann agus a scrúdaíonn raon ilchineálach seirbhísí de chineál príobháideach, pobail agus deonach a sholáthraítear.

Soláthar Uileghabhálach Réamhscoile a Thabhairt Isteach

Maidir leis an Scéim seo a tugadh isteach i mí Eanáir 2010, freastalaíonn sí ar leanaí atá san aoisghrúpa 3 bliana agus 3 mhí go 4 bliana agus 7 mí i mí Mheán Fómhair sa bhliain iomchuí agus déantar foráil léi maidir le réamhscolaíocht saor in aisce ar feadh 3 uair an chloig sa lá ar feadh 38 seachtaine sa bhliain nó ar feadh 2 uair an chloig agus 15 nóiméad sa lá ar feadh 50 seachtain sa bhliain. Cé go dtagann riaradh na Scéime faoi fhreagracht na Stiúrthóireachta Cúraim Leanaí sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, déanann an Roinn seo, trína hAonad Beartais Oideachais Luathóige (EYEPU), comhairle bheartais agus treoir a sholáthar i ndáil leis na critéir chonartha a bhaineann leis an Scéim, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le próifíl cháilíochta na foirne i suímh réamhscoile agus le caighdeán an chláir.

Sa bhliain 2010, lean an Roinn de mhaoiniú a thabhairt i gcomhair an dá chreat phraiticiúla seo a leanas chun tacú le forbairt soláthair ardchaighdeáin i seirbhísí rannpháirteacha.

- Is é atá in Síolta, An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luathóige, ná sraith chuimsitheach treoirlínte praiticiúla le haghaidh gach suímh ina bhfuil leanaí ón tráth a bheirtear iad go dtí aois sé bliana. Baineann sé le gach réimse cáilíochta a imríonn tionchar ar chúram agus oideachas leanaí. Clúdaíonn sé foghlaim agus forbairt luath ach tá caighdeáin eile ann amhail Sláinte agus Leas, Timpeallachtaí, Pleanáil agus Measúnú, agus Eagrúchán.
- Is é an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a d'fhorbair Aistear sa bhliain 2009 agus is creat curaclaim é a dhíríonn go sonrach ar thacaíocht a thabhairt i ndáil le foghlaim agus forbairt luath leanaí ón tráth a bheirtear iad go dtí aois sé bliana.

Déanann an dá chreat comhlánú ar a chéile agus is féidir le hAistear cuidiú le cleachtóirí oibriú i dtreo cuid de na caighdeáin in Síolta amhail curaclam, timpeallachtaí, céannacht agus muintearas, comhpháirtíocht le tuismitheoirí, idirghníomhaíochtaí agus súgradh.

[5] Féach leathanach 41 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Réamhscoileanna leithscartha don Lucht Siúil a chéimniú amach

Trí sholáthar saor in aisce réamhscoile a thabhairt isteach, éascaíodh luathú chéimniú amach na réamhscoileanna sin rud atá ina chuspóir de chuid na Straitéise um Oideachas don Lucht Siúil 2006. I gcás ina raibh dóthain áiteanna ar fáil i réamhscoileanna príomhshrutha pobail nó príobháideacha, spreagadh do réamhscoileanna Lucht Siúil a soláthar leithscartha a dhúnadh nó iarratas a dhéanamh maidir lena bheith san áireamh i scéim saor in aisce na bliana réamhscoile. Dá dhroim sin, faoi dheireadh na bliana 2010, ní raibh ach 6 réamhscoil leithscartha Lucht Siúil á maoiniú ag an Roinn.

Plean Forbartha Fórsa Saothair don Earnáil Chúraim agus Oideachas Luathóige (ECCE)

Is ionann giniúint Plean Forbartha Fórsa Saothair don earnáil ECCE agus príomhghné de thiomantas an Rialtais i leith cúraim agus oideachais luathóige ard-chaighdeáin. Tar éis cláir chuimsithigh taighde agus comhairliúcháin phoiblí, seoladh an Plean "Forbairt an Fhórsa Saothair san Earnáil Chúraim agus Oideachais Luathóige" i mí na Nollag 2010 agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ag www.dcya.ie .

Clár Taighde in Oideachas Luathóige

Rinne an tAonad Beartais Oideachais Luathóige (EYEPU) sraith tionscadal taighde a mhaoiniú idir na blianta 2008 agus 2010, ar tionscadail iad a bhí dírithe ar leanaí ón tráth breithe go dtí aois sé bliana agus ar chineál na hoideolaíochta agus an chleachtais i suímh ilchineálacha oideachais luathóige in Éirinn:

I mí na Samhna 2010, tíolacadh tuarascálacha críochnaitheacha faoi na tionscadail taighde seo a leanas:

- Forbairt Creata Gníomhaíochta maidir le hIniamh Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta i Suímh Oideachais Luathóige
- Scrúdú ar Oideolaíocht sa Luathóige
- Soláthar Spriocdhírithe Oideachais Luathóige i gCnuasach de Shúimh DEIS

Rinneadh na príomhtheachtaireachtaí agus an t-aschur ó na tionscadail sin a scaipeadh chuig na geallsealbhóirí iomchuí san earnáil ECCE ag seimineár i mí na Samhna 2010 agus tá na tuarascálacha ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ag www.dcya.ie .

Caibidil 2 – Scileanna, Oiliúint agus Breisoideachas

Comhthéacs

I gcomhréir le Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2008-2010, ba é a bhí sa dara sprioc ardleibhéil ná "**Feabhas a chur ar dheiseanna i ndáil le breisoideachas agus seirbhísí óige**". I dtaca leis sin de, leagadh amach cuspóirí mar a leanas chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn (cuspóir 2.1);
- Rochtain ar bhreisoideachas, agus páirteachas ann, a chur chun cinn (cuspóir 2.2); agus
- Tacú le forbairt seirbhísí oibre ógra (cuspóir 2.3)

De bhun cinnidh ón Rialtas, áfach, rinneadh freagrach as Gnóthaí Ógra a aistriú chuig Oifig an Aire Leanaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Dá dhroim sin, ní raibh feidhm a thuilleadh, ón dáta sin ar aghaidh, ag cuspóir 2.3 thuas maidir leis an Roinn seo.

Ar an 1 Bealtaine 2010, aistríodh freagracht as beartas scileanna agus as oibríochtaí gníomhaireachta FÁS ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (D/ETI) mar a bhí ann an tráth sin. Is mar a leanas na príomhchuspóirí a shainaithin an D/ETI don réimse cláir seo:

- Féachaint le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta maidir le Scileanna a bhaint amach trí leanúint de chláir ghníomhacha mhargaidh saothair a sholáthar amhail tacaíocht chuardaigh poist, oiliúint scileanna sonracha, agus cláir thaithí oibre chun cabhrú leo sin atá dífhostaithe scileanna agus inniúlachtaí nua a fhorbairt chun a chumasú dóibh fostaíocht a fháil a luaithe is feidir. ***(tugtar cuspóir 2.4 air seo anois)***
- Leanúint de dheiseanna oiliúna agus deiseanna feabhsaithe scileanna a sholáthar dóibh sin atá i bhfostaíocht sa chaoi go leanfaidh siadsan freisin dá scileanna a fhorbairt i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Scileanna. ***(tugtar cuspóir 2.5 air seo anois)***
- Rannpháirtíocht a mhéadú trí phróiseas tarchurtha an Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta agus trí thacaíochtaí cuí eile le haghaidh oiliúna agus fostaíochta. ***(tugtar cuspóir 2.6 air seo anois)***
- Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú ar thaobh daoine atá faoi mhíchumas i gcomhréir lenár gcuid gealltanas inar bPlean Earnálach faoin Acht um Míchumas, trí fheabhas a chur ar na cláir oiliúna agus fostaíochta atá ar fáil, trí fheabhas a chur ar thacaíochtaí (idir thacaíochtaí airgeadais agus thacaíochtaí eile) chun an margadh saothair a oscailt, trí thionscnaimh a fhorbairt chun cabhrú leo sin a dtagann míchumas orthu le linn a saoil oibre fanacht i bhfostaíocht nó dul i mbun fostaíochta arís, agus trí chomhoibriú le Ranna agus le Gníomhaireachtaí eile Rialtais chun deireadh a chur le bacainní a mheastar atá ann i dtaca le dul isteach sa mhargadh oscailte saothair. ***(tugtar cuspóir 2.7 air seo anois)***

De bharr lánpháirtiú Scileanna agus Trádála isteach i gcúraimí na Roinne, tá an deis á tapú aici chun athbhreithniú a dhéanamh ar na róil éagsúla atá ag na comhlachtaí oiliúna agus breisoideachais i dtaca le comhlíonadh chuspóir na Straitéise Náisiúnta maidir le Scileanna, is é sin le rá, go ndéanfaidh 330,000 duine nach bhfuil Ardteistiméireacht nó cáilíocht choibhéiseach acu dul chun cinn chuig an gcéad leibhéal eile ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. I measc na gcomhlachtaí oiliúna airítear FÁS, Skillnets Ltd agus oiliúint a ndéantar conarthaí príobháideacha ina leith agus is iad na Coistí Gairmoideachais na príomh-gheallsealbhóirí san earnáil breisoideachais. Tá Bord FÁS, an Cumann Gairmoideachais in Éirinn, an Cumann Náisiúnta Litearthachta Aosaigh agus Aontas tar éis aighneachtaí, mar aon le moltaí, a dhéanamh le déanaí maidir le cuspóirí straitéiseacha agus maidir le róil i réimse an Bhreisoideachais agus na hOiliúna. Déanfar na haighneachtaí sin a athbhreithniú i gcomhthéacs an Chláir Rialtais um Théarnamh Náisiúnta.

Breisoideachas (FE)

Déanann an Roinn cláir FE do dhaoine óga agus d'aosaigh a d'fhág an scoil go luath nó a dteastaíonn breisoideachas agus oiliúint uathu a chur chun cinn, a chomhordú agus a mhaoiniú chun feabhas a chur ar na deiseanna fostaíochta atá ag daoine den sórt sin agus chun a chumasú dóibh dul chun cinn oideachais a dhéanamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus déanann an Roinn faireachán ar na cláir sin freisin. Is iad na Coistí Gairmoideachais na príomhsholáthraithe Clár FE. Déanann Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) na cláir a dheimhniú de ghnáth.

Cé gurbh ionann aghaidh a thabhairt ar an ngá le soláthar suntasach sa réimse seo agus dúshlán suntasach sa bhliain 2010 tráth a raibh srianta ar acmhainní airgeadais agus foirne, tá fás tagtha ar chaiteachas foriomlán ar Bhreisoideachas ó shuim os cionn €176 mhilliún sa bhliain 2000 go dtí suim corradh le €434 mhilliún sa bhliain 2010[6].

Cuspóir 2.1: Caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn

An Clár Um Measúnú Idirnáisiúnta Inniúlachtaí Aosaigh (PIAAC)

Tá Éire rannpháirteach i gClár an OECD um Measúnú Idirnáisiúnta Inniúlachtaí Aosaigh (PIAAC). Baineann sé sin le suirbhéireacht a dhéanamh ar aosaigh (idir 16 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois) ina dteaghlaigh maidir le raon scileanna a chlúdaíonn spéis, dearcadh agus cumas aosach ar leithligh i ndáil le rochtain ar chineálacha éagsúla faisnéise (go háirithe i bhfoirm téacs agus i bhfoirm uimhriúil) agus le faisnéis den sórt sin a bhainistiú, a thuiscint, a lánpháirtiú agus a mheasúnú, chomh maith le freagraí a thabhairt ar dhaoine eile san aois fhaisnéise agus cumarsáid a dhéanamh leo. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in Éirinn agus rachaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mbun na hoibre ina leith. Sa bhliain 2010, rinneadh tástáil allamuigh chun cabhair a thabhairt maidir le forbairt dhearadh an phríomhshuirbhé atá le tosú sa bhliain 2011. Críochnaíodh an tástáil allamuigh i mí Lúnasa 2010. Tá torthaí na tástála le bheith ar fáil in 2012/2013. Sa bhliain 2010, ba é a bhí i gcostas an PIAAC don Roinn ná €726,000.

An Straitéis Náisiúnta maidir le Scileanna

Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Straitéis Náisiúnta maidir le Scileanna a sheoladh go comhpháirteach I Márta 2007. Ba é an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) a d'ullmhaigh an Straitéis agus sainaithníodh inti próifíl scileanna na hÉireann faoi láthair, sholáthair sí fís straitéiseach agus cuspóirí sonracha i leith riachtanas scileanna na hÉireann sa todhchaí agus leag sí amach an tslí inar féidir an fhís agus na cuspóirí a bhaint amach.

I Márta 2010, d'fhoilsigh an Roinn faisnéis uasdátaithe inar léiríodh go rabhthas tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo cuspóirí na straitéise a bhaint amach:

- Bhí méadú tagtha ar an gcéatadán de na daoine san fhórsa saothair ag a bhfuil cáilíochtaí Ard-Oideachais (NFQ Leibhéil 6-10) ó 33% sa bhliain 2005 go dtí 39% sa bhliain 2009, i gcomparáid leis an sprioc 48% faoin mbliain 2020.

[6] Áirítear sna figiúirí seo caiteachas ar chostais foirne i ngach clár, deontais neamhphá do Choistí Gairmoideachais agus deontais tacaíochta do mhic léinn i gcás foghlaimeoirí Iar-Ardteistiméireachta (PLC).

- Maidir leis an gcéatadán den fhórsa saothair ag a bhfuil oideachas NFQ Leibhéil 4 agus 5 (Meánscolaíocht Uachtarach, lena n-áirítear an Ardteistiméireacht) idir na blianta 2005 agus 2009, d'fhan sé ag 40%, i gcomparáid le sprioc 45% faoin mbliain 2020.
- Maidir leis an gcéatadán den fhórsa saothair ag a bhfuil oideachas NFQ Leibhéil 1-3 (Teastas Sóisearach agus faoina bhun), thit sé ó 27% go dtí 20%, i gcomparáid le sprioc 7% faoin mbliain 2020.

Is é atá sa dúshlán is suntasaí sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2020 ná scileanna níos airde a sholáthar dóibh sin ag Leibhéil 1-3, is é sin le rá, iad a thabhairt go dtí Leibhéil 4 agus 5.

Meastóireachtaí ar Ionaid Oideachais

Sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an Chigireacht 11 tuarascáil mheastóireachta maidir le hIonaid Youthreach agus Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie) agus d'fhoilsigh sí an tuarascáil chumaisc ar mheastóireachtaí Youthreach dar teideal 'Meastóireacht ar Youthreach'.

Treoirlínte Idirchultúrtha

Sa bhliain 2010, sholáthair an Roinn maoiniú os cionn €100k chun forbairt ghairmiúil leantach a éascú i 22 Choiste Gairmoideachais le linn dóibh treoirlínte idirchultúrtha sa Bhreisoideachas a chur i bhfeidhm.

An tSeirbhís Tacaíochta don Bhreisoideachas

Tacaíonn an tSeirbhís Tacaíochta don Bhreisoideachas (FESS) le hionaid a fhaigheann maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá cláraithe le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Seirbhís lánaimseartha atá ann agus feidhmíonn sí ar fud na bliana faoi bhainistíocht Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá ceathrar Oifigeach Tacaíochta aici ar fud na tíre mar aon le raon leathan saineolais san earnáil FE, lena n-áirítear Oideachas Iar-Ardteistiméireachta, Oideachas Youthreach, Oideachas VTOS, Oideachas Pobail, Breisoideachas agus Oideachas Príosúin. Sa bhliain 2010, sholáthair an Roinn maoiniú os cionn €630k don tseirbhís seo.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)

Soláthraíonn an Roinn deontais do Choistí Gairmoideachais chun CPD a mhaoiniú i leith fhoireann Youthreach, STCC agus VTOS d'fhonn an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Caighdeánú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le CPD a sholáthar sa Bhreisoideachas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil
- Uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtacht, ar leanúnachas agus ar réimse ghníomhaíochtaí CPD san earnáil FE agus méadú a dhéanamh ar éifeachtacht i dtaca le bainistiú agus soláthar CPD i gCoistí Gairmoideachais
- Cinnteoireacht ag pointe soláthair ghníomhaíochtaí CPD a éascú agus Coistí Gairmoideachais a chumasú chun déileáil ar bhealach níos solúbtha le riachtanais ilchineálacha áitiúla CPD
- Soláthar clár cineálach CPD a thrasnaíonn teorainneacha clár a spreagadh

Déanann na Coistí Gairmoideachais an deontas seo a riaradh go háitiúil agus ba é a bhí sa chaiteachas sa bhliain 2010 ná suim tuairim is €186k.

Comhaontú Náisiúnta FÁS-IVEA maidir le Comhoibriú

Rinneadh an Comhaontú Náisiúnta maidir le Comhoibriú idir FÁS agus Cumann Gairmoideachais na hÉireann (IVEA) a bhunú i Meitheamh 2009. Le linn an comhaontú a chur i bhfeidhm, is é is mó a ndírítear air ná feabhsúcháin phraiticiúla intomhaiste a bhaint amach i dtéarmaí luach ar airgead agus i dtéarmaí torthaí feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí araon. Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta feabhsúcháin a chatalógú agus a mheasúnú trí leas a bhaint as teimpléad náisiúnta caighdeánaithe a forbraíodh go sainiúil ina leith seo agus atá le comhlánú trí huaire in aghaidh na bliana. Ar an dóigh sin, faightear léargas ar thionscnaimh chomhoibritheacha ag an leibhéal áitiúil, ag an leibhéal réigiúnach agus ag an leibhéal náisiúnta. Níl aon acmhainní breise i gceist mar gheall ar an gComhaontú.

Tá an comhaontú á chur i bhfeidhm trí Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta (NSG), ar grúpa é a shainaithníonn spriocanna straitéiseacha, agus ag Coistí Comhairleacha Réigiúnacha (RCC-anna), ar coistí iad a eagraíonn gníomhaíochtaí agus/nó tionscadail de réir na spriocanna sin. Tá ceithre ionadaí ó FÁS agus ceithre ionadaí ón IVEA ar an NSG, mar aon le hionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus is daoine iad ar fad atá ag an leibhéal ard bainistíochta. Tá 8 RCC ann, de réir na 8 réigiún de chuid FÁS, agus tá siad comhdhéanta de dhaoine de chuid lucht bainistíochta sinsearaí FÁS agus na gCoistí Gairmoideachais iomchuí (VEC) agus déanfaidh siad sin an obair ar chuspóirí agus ar thosaíochtaí réigiúnacha arna gcomhaontú go comhpháirteach a chur i gcrích ach féidearthacht a bheith ann go gcuirfear na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta. Tháinig an NSG agus na RCC-anna le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2010 agus tá aiseolas dearfach ann i gcoitinne ina leith sin.

OECD – Foghlaim i gcomhair Post

Cuireadh tús le hAthbhreithniú an OECD ar Ghairmoideachas agus ar Ghairmoiliúint i 14 thír sa bhliain 2007 agus féachann sé le cabhrú le tíortha feabhas a chur ar an tslí ina ndéileálann córais Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna (VET) le riachtanais an mhargaidh saothair. Is é is aidhm dó ná an bonn fianaise a fheabhsú, sraith roghanna beartais a shainaithint agus uirlisí a fhorbairt chun tionscnaimh bheartais VET a mheasúnú.

Rinneadh athbhreithniú beartais na hÉireann dar teideal 'Foghlaim i gcomhair Post' agus a d'eagraigh an Roinn agus geallsealbhóirí éagsúla a fhoilsiú i bhFeabhra 2010. Rinneadh tuarascáil chomparáideach a bhain leis na tíortha rannpháirteacha go léir a fhoilsiú i Meitheamh 2010.

Tacaíocht a thabhairt don Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh (NALA)

Is carthanas neamhspleách é NALA atá tiomanta i leith a chinntiú gur féidir le daoine ag a bhfuil deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus rochtain a bheith acu ar dheiseanna foghlama a fheileann dá gcuid riachtanas. Sa bhliain 2010, thug an Roinn deontas €2.115 milliún do NALA. San fhigiúr sin, áirítear ranníocaíocht €550,000 i ndáil leis an ngné dá gclár teilifíse "Stuck for Words" a bhain le tacaíocht teagascóra; bhí lucht féachana os cionn 200,000 duine ag an gclár sin in aghaidh na seachtaine agus chuir NALA Seirbhís Cianfhoghlama (DLS) chomhthreomhar i bhfeidhm chun daoine a chuir spéis sa tsraith theilifíse agus foghlaimeoirí eile a tharraingt i dtreo bunteagaisc litearthachta agus uimhearthachta agus chun iad a chlárú le haghaidh teagaisc den sórt sin.

Tacaíocht a thabhairt do AONTAS (An Eagraíocht Náisiúnta Foghlama d'Aosaigh)

Is eagraíocht í AONTAS ina bhfuil ballraíocht shaorálach agus a spreagann forbairt sochaí foghlama trí chóras cuimsitheach ardchaighdeáin foghlama agus oideachais d'aosaigh a sholáthar, ar córas uilechuimsitheach é atá ar fáil do gach duine. Ina theannta sin, bailíonn AONTAS sonraí faoi fhorbairtí san earnáil, déanann sé taighde agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí iomchuí eile. Sa bhliain 2010, sholáthair an Roinn maoiniú €920k do AONTAS.

Cuspóir 2.2: Rochtain ar agus rannpháirtíocht sa bhreisoideachas a chur chun cinn

Trí bhreisoideachas agus oideachas aosach a sholáthar tugtar deiseanna rochtana, aistrithe agus dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí. Tá cúrsaí, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, oscailte do gach duine ach is é is príomhchuspóir dóibh ná raon tacaíochtaí a sholáthar chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Freastal ar riachtanais daoine óga a fhágann an scoil go luath
- Oideachas dara seans a sholáthar chun a chumasú d'fhoghlaimeoirí a n-oideachas a thabhairt ar aghaidh chuig caighdeán atá coibhéiseach le leibhéal uachtarach meánscoile
- Gairmullmhúchán agus gairmoiliúint a sholáthar do dhaoine atá ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair nó atá ag dul isteach ann athuair.

Soláthraítear cúrsaí FE ag Leibhéil 1 – 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Na Cláir Lánaimseartha atá ar fáil

- Tá ***Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS)*** dírithe ar dhaoine dífhostaithe atá os cionn 21 bhliain d'aois. Is iad na príomh-spriocghrúpaí atá i gceist ná daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine a bhfuil íseal-scileanna acu agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste. Íoctar liúntas oiliúna le rannpháirtithe VTOS agus is féidir leo leas a bhaint as treoir agus as tacaíochtaí cúraim leanaí. Rinneadh an soláthar do VTOS a choinneáil ag leibhéil na bliana 2009.
- Is é atá in ***Youthreach***, a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 1989, ná clár comhtháite oideachais, oiliúna agus taithí oibre do dhaoine óga atá idir 15 bliana d'aois agus 20 bliain d'aois agus a d'fhág an scoil go luath gan aon cháilíochtaí ná gairmoiliúint. Tá beagnach 6,000 áit ar fáil ar fud na tíre ar áiteanna iad a soláthraíonn Coistí Gairmoideachais 3,700 díobh i gcorradh le 100 ionad Youthreach. Tá an mhórchuid de na háiteanna eile á soláthar ag FÁS i 39 nIonad Oiliúna Pobail. Rinneadh leibhéal soláthair 2009 a choinneáil sa bhliain 2010.
- Déanann *Ionaid* ***Oiliúna Lucht Siúil Sinsearach (STTC-anna)*** do dhaoine de chuid an Lucht Siúil atá os cionn 18 mbliana d'aois clár comhtháite oideachais, oiliúna agus taithí oibre a sholáthar agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais chultúrtha phobal an lucht siúil. Íoctar liúntas oiliúna le rannpháirtithe agus tá na rannpháirtithe i dteideal tacaíocht chúraim leanaí a fháil freisin. I gcomhréir leis an Straitéis maidir le hOideachas Lucht Siúil agus le hathbhreithniú luach ar airgead 2008 ar Youthreach agus ar STTC-anna, fógraíodh i mBuiséad 2011 go ndéanfar soláthar comhtháite eile don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm trí STTC-anna a chéimniú amach faoi Mheitheamh 2012 agus go ndéanfar áiteanna ionaid, a mbeidh tús áite ag daoine den Lucht Siúil ina leith, a sholáthar faoin Tionscnamh maidir le Filleadh ar Oideachas (BTEI).
- Tá ***cláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC)*** ann d'fhoghlaimeoirí atá os cionn 16 bliana d'aois agus a bhfuil an Ardteistiméireacht críochnaithe acu agus d'aosaigh atá ag filleadh ar an oideachas. Déantar cúrsaí PLC a sholáthar go formhór in earnáil na gCoistí Gairmoideachais ach tá cúrsaí á dtairiscint freisin ag roinnt scoileanna Pobail agus scoileanna Cuimsitheacha, agus ag roinnt Meánscoileanna. Tríd an gclár PLC, déantar scileanna sonracha gairme a sholáthar do rannpháirtithe a n-éiríonn leo chun feabhas a chur ar na seansanna atá acu fostaíocht mharthanach lánaimseartha a fháil nó leanúint ar aghaidh chun tuilleadh staidéir a dhéanamh. Tá 31,688 áit PLC

ar fáil ar fud na tíre faoi láthair agus tá os cionn 38,600 foghlaimeoir in ann clárú le haghaidh cúrsaí PLC. Rinneadh an líon áiteanna ceadaithe a choinneáil ag leibhéil láithreacha le haghaidh bhliain acadúil 2010/2011.

Na Cláir Páirtaimseartha atá ar fáil

- ***Cláir Litearthachta d'Aosaigh*** (cómhaoinithe ag an AE faoi Chiste Sóisialta na hEorpa) arb é atá ann ná bunoideachas a sholáthar, lena n-áirítear léamh, scríobh, litriú agus scileanna uimhearthachta, d'aosaigh nach leor a scileanna i gcomhair páirt fheidhmeach a ghlacadh sa saol ó lá go lá. I measc na gclár a chlúdaítear freisin, áirítear forbairt phearsanta, foghlaim conas foghlaim a dhéanamh agus scileanna IT. Tá maoiniú a sholáthar freisin do chláir litearthachta spriocdhírithe, amhail dianlitearthacht, litearthacht do dhaoine bodhra, litearthacht do theaghlaigh, litearthacht do dhaoine ar a bhfuil disléisce, agus litearthacht don ionad oibre. Déantar teagasc Béarla (ESOL) d'imircigh aosacha a sholáthar trí bhuiséad na litearthachta d'aosaigh. Bhí rátaí rannpháirtíochta sa bhliain 2010, is é sin le rá tuairim is 47,000 rannpháirtí i gcúrsaí litearthachta d'aosaigh (lena n-áirítear 10,000 rannpháirtí ESOL), i gcomhréir leis na rátaí a bhí ann sa bhliain 2009.
- Baineann ***Oideachas Pobail*** le hoideachas agus foghlaim a tharlaíonn lasmuigh den earnáil fhoirmiúil oideachais de ghnáth agus is é is aidhm dó ná feabhas a chur ar fhoghlaim, cumhachtú a dhéanamh agus rannchuidiú leis an tsochaí shibhialta. Tá sé bunaithe go daingean ar an bpobal agus glacann grúpaí áitiúla freagracht as cúrsaí a eagrú agus inneachar na gclár a chinneadh agus bíonn ról tábhachtach ag na grúpaí sin san obair sin. Bhí tuairim is 50,000 rannpháirtí ann sa bhliain 2010, i gcomhréir le rátaí na bliana 2009.
- Is é is aidhm don ***Tionscnamh Filleadh ar Oideachas (BTEI)*** (cómhaoinithe ag an AE faoi Chiste Sóisialta na hEorpa) ná méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht i raon deiseanna foghlama ar thaobh daoine óga agus aosach arb ísle a leibhéal oideachais ná an chuid uachtarach den dara leibhéal. Tá sé saor in aisce go gach aosach arb ísle a leibhéal oideachais ná an chuid uachtarach den dara leibhéal. Is féidir le rannpháirtithe BTEI leas a bhaint freisin as treoir agus as tacaíochtaí cúraim leanaí. Coinníodh soláthar na bliana ag leibhéil na bliana 2009 rud a chuir ar chumas 28,000 duine leas a bhaint as deiseanna breisoideachais pháirtaimseartha.
- Faoi ***Chlár na nDídeanaithe Aosaigh (ARP)*** atá á chomhordú ag Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath, faigheann dídeanaithe clár lánaimseartha aon bhliana teagaisc Béarla agus scileanna a bhaineann le sóisialú a dhéanamh. Sa bhliain 2010, soláthraíodh maoiniú €2.6 milliún don chlár agus bhí 550 rannpháirtí páirteach ann.

Clár	**Caiteachas 2010 €m**	**Áiteanna Ceadaithe**
	Lánaimseartha	
VTOS	78.9	5,000
Youthreach	68.3	3,692
STCC-anna	23.8	684*
PLC	8.9**	31,688
	Páirtaimseartha	
	Caiteachas 2010 €m	**Rannpháirtithe (measta)**
BTEI	17	28,000
Litearthacht	32	47,000
Oideachas Pobail	10.1	50,000

**Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2010; 984 suas go 31 Lúnasa 2010.*
*** Caiteachas ar chaipitíocht fheabhsaithe agus íocaíochtaí LDA amháin. Ba é a bhí sa chaiteachas foriomlán ar PLC sa bhliain 2010 ná €186m, lena n-áirítear pá, tacaíocht do mhic léinn agus caipitíocht.*

Tacaíochtaí do Chláir

- Déantar an ***Tionscnamh um Threoir san Oideachas Aosach (AEGI)*** a sholáthar trí 40 tionscadal ar fud na tíre agus, ar leith ó cheann amháin acu, tá siad á mbainistiú ag an gCoiste Gairmoideachais áitiúil. Tá an beart ceaptha chun tacú le rochtain ar Litearthacht Aosach, ar VTOS, ar BTEI agus ar chláir eile oideachais d'aosaigh agus ar chláir eile oideachais pobail in Earnáil an Bhreisoideachais. Tá an tseirbhís ar fáil freisin do mharthanóirí drochúsáide i bhforais chónaitheacha agus dá dteaghlaigh. Ba é a bhí sa soláthar do AEGI sa bhliain 2010 ná €6.85 milliún agus dhéileáil an tseirbhís le níos mó ná 37,000 cliant.
- Tá ***Seirbhís Treoirchomhairleoireachta agus Síceolaíochta Youthreach (GCP)*** ar fáil do rannpháirtithe Youthreach, do STTC-anna agus d'Ionaid Oiliúna Pobail FÁS. Déantar é a riaradh trí dheontais do Choistí Gairmoideachais agus baintear úsáid as chun seirbhísí tosaíochta a sholáthar ó speictream riachtanas amhail treoshuíomh agus treoir thosaigh agus eolas gairme agus chun seirbhísí síceolaíochta a sholáthar freisin. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán ar GCP sa bhliain 2010 ná €1.15 milliún.
- Tugadh isteach an ***Tionsncamh um Riachtanais Speisialta Oideachais (SENI)*** i 20 ionad Youthreach sa bhliain 2007. Tríd an tionscnamh seo, rinneadh foráil maidir le foireann bhreise chun déileáil le riachtanais speisialta oideachais i gcás foghlaimeoirí, le hoiliúint foirne, le maoirseacht cásanna agus le tacaíocht ghairmiúil don fhoireann. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán ar SENI sa bhliain 2010 ná €1.5 milliún.

I Meán Fómhair 2010, tugadh isteach an Scéim Oiliúna um Oideachas Cúraim Leanaí (CETS) mar chuid de Bhuiséad 2010 inar fógraíodh go ndéanfadh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA) scrúdú, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna), leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Tionscnamh agus le FÁS, ar an bhféidearthacht go ndéanfaí réasúnú ar scéimeanna tacaíochta cúraim leanaí agus é mar chuspóir acu ná tacaíochtaí feabhsaithe a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí, níos trédhearcaí agus níos cothroime. Faoin CETS (atá á riaradh ag an OMCYA), déantar líon áiteanna atá coibhéiseach le 1,500 áit lánaimseartha cúraim leanaí a sholáthar do rannpháirtithe de chuid VTOS, Youthreach, STCC agus BTEI. Trí scéim CETS, déantar caighdeánú ar chleachtais chúraim leanaí thar na Coistí Gairmoideachais ar fad ar mhodh cothrom comhsheasmhach agus cuirtear feabhas ar na tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine a bhfuil leibhéal íseal scileanna acu.

Cuspóir 2.4: Féachaint le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta maidir le Scileanna a bhaint amach trí leanúint de chláir ghníomhacha margaidh saothair a sholáthar

An Foras Áiseanna Saothair (FÁS)

I mBealtaine 2010 rinneadh freagracht as FÁS mar Ghníomhaireacht agus as maoiniú FÁS i ndáil le hoiliúint agus scileanna a aistriú ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Rinneadh freagracht as gníomhaíochtaí sheirbhís fostaíochta agus sheirbhís pobail FÁS agus an maoiniú a ghabhann leis sin a aistriú freisin chuig an Roinn ar bhonn eatramhach agus bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí chun freagracht fhoriomlán as beartas agus as maoiniú i gcomhair chláir fostaíochta agus sheirbhísí fostaíochta FÁS a ghlacadh chuici féin amhail ón 1 Eanáir 2011.

Tar éis thosach feidhme an Achta um Áiseanna Saothair (Leasú) 2009 i mí Eanáir 2010, ceapadh Bord nua FÁS i mí Eanáir 2010. Roghnaíodh comhaltaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ar bhonn taithí iomchuí agus inniúlachtaí iomchuí i réimsí amhail feidhmeanna FÁS, airgeadas, rialachas corparáideach agus riarachán poiblí, de réir mar a fhoráiltear san Acht.

Ba é a bhí i mbuiséad iomlán le haghaidh FÁS sa bhliain 2010 ná suim beagáinín os cionn €1 bhilliún agus, ag deireadh na bliana 2010, ba é a bhí ina líon foirne ná 1,936. Tá tuilleadh faisnéise faoi obair FÁS ar fáil óna láithreán gréasáin ag www.fas.ie .

Skillnets Ltd

I mBealtaine 2010 freisin, rinneadh freagracht as Skillnets Ltd, ar comhlacht é atá faoi cheannas lucht fiontraíochta agus a bunaíodh chun deiseanna nua a sholáthar do chuideachtaí chun teacht ar fhreagraí ábhartha éifeachtacha ar a gcuid riachtanas oiliúna agus forbartha, a aistriú ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa bhliain 2010, bhain thart ar 37,237 n-oiliúnaí leas as 178,701 lá oiliúna faoi Chlár Ghréasáin Oiliúna Skillnets (TNP).

Sa bhliain 2010, bhí gné oiliúna do dhaoine dífhostaithe ann den chéad uair sa TNP. Samhlaíodh go ndéanfaí oiliúint a sholáthar, nó go dtabharfaí scileanna is airde leibhéal, do líon daoine dífhostaithe suas go dtí 10,000 ar chostas *circa* €2m. Faoi shainchúram athbhreithnithe an TNP, ní mór go mbeidh 10% de rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí gréasáin TNP, agus 30% díobh ar a mhéad, dífhostaithe chun an fócas ceannais fiontraíochta agus neart cruthaithe mhúnla an TNP a choimeád ar bun. Tá tuilleadh sonraí, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, ar fáil ó láithreán gréasáin Skillnets Ltd ag www.skillnets.ie .

Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe

Sa bhliain 2010, mhaoinigh an Roinn soláthar níos mó na 190,000 áit oiliúna agus taithí oibre mar a leanas:

- I rith na bliana 2010, fuair os cionn 165,000 duine tairbhe as áiteanna Oiliúna agus Fostaíochta FÁS agus áiríodh sa mhéid sin áiteanna taithí oibre faoin gClár Taithí Oibre agus faoi Fhostaíocht Pobail agus as bearta oiliúna ar an láthair do phrintísigh iomarcacha.
- D'fhonn feabhas a chur ar oiliúint agus oideachas do dhaoine dífhostaithe, bhunaigh an Rialtas Ciste Gníomhachtaithe an Mhargaidh Saothair i rith na bliana 2010 agus é mar chuspóir aige 12,000 áit oideachais agus oiliúna a sholáthar le linn a shaolré. Tairgeadh maoiniú do 59 tionscadal agus leanadh ar aghaidh chun 55 tionscadal a chur i bhfeidhm. I mí na Nollag 2010, bhíothas tar éis thart ar 9,650 (80%) áit oiliúna a líonadh agus bhíothas ag súil le tuilleadh áiteanna. Ba é a bhí sa mhéid a caitheadh sa bhliain 2010 ar thionscadail mhaoinithe ná €16.754 milliún.
- Sholáthair Skillnets Ltd beagnach 4,800 áit oiliúna do dhaoine dífhostaithe nó dóibh sin a bhí ag obair ar bhonn gearr-ama sa bhliain 2010.

Ciste Sóisialta na hEorpa

Sa bhliain 2010, lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt, inter alia, do sholáthar seirbhísí de chineál oideachais agus oiliúna den chuid is mó trína chinntiú go ndearnadh an cúnamh ba mhó ab fhéidir a tharraingt anuas ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF). I measc na nithe a rinneadh ina leith sin áiríodh bainistíocht leanúnach Chlár Oibríochtúil Infheistíochta Caipitil Dhaonna 2007-2013 (HCIOP) agus tíolacadh éileamh críochnaitheach don Choimisiún Eorpach ar íocaíochtaí as Cláir chómhaoinithe ESF 2000-2006.

Rinneadh éilimh ar tharraingt anuas cúnaimh airgeadais ón ESF a thaisceadh faoi na spriocdhátaí AE iomchuí sa bhliain 2010. Fuair an Roinn cúnamh beagnach €50 milliún ón ESF sa bhliain 2010.

An Clár Forbartha Inteirneachta[7]

I mí na Samhna 2010, cheadaigh an Rialtas cruthú cláir nua dar teideal *Clár Forbartha Inteirneachta* atá le bainistiú ag Seirbhísí Fostaíochta FÁS agus atá dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe ar feadh 3 mhí ar a laghad.

Is é a bheidh sa chlár ná gné oiliúna/oideachais agus taithí oibre in eagraíocht (gan an earnáil phoiblí a áireamh) ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag (12 mhí). Is é a bheidh sa ré uasta a chaithfidh rannpháirtithe ar an gclár ná 15 mhí atá comhdhéanta den taithí oibre a mhairfidh 12 mhí móide an fhéidearthacht go mbeidh 3 mhí eile ar fáil chun oideachas agus oiliúint a éascú. Ní cheadófar do rannpháirtithe a rannpháirtíocht a fhadú thar an teorainn 15 mhí.

Faoin gclár seo, déanfaidh an Stát tacaíocht a sholáthar chun suas go 5,000 áit a chruthú ach beidh úsáid na n-áiteanna ar an gclár seo ag brath go hiomlán ar ábhair spéise na rannpháirtithe ionchasacha agus na n-eagraíochtaí óstacha atá rannpháirteach sa chlár.

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)

Rinneadh an EGF, lena ngabhann buiséad suas go €500 milliún sa bhliain agus a chlúdaíonn an tréimhse 2007 – 2013, a sheoladh sa bhliain 2007 chun cabhrú le Ballstáit AE tacaíochtaí athoiliúna a sholáthar d'oibrithe a dhéantar iomarcach mar thoradh ar an domhandú agus ar phátrúin athraitheacha sa trádáil dhomhanda. I gcoitinne, ní mhaoiníonn an EGF ach idirghabhálacha gníomhacha margaidh saothair amhail treoir slí beatha, oiliúint agus athoiliúint, cúnamh taithí oibre agus cur chun cinn fiontraíochta/cúnamh don féinfhostaíocht, i gcás ina ndéantar 500 duine ar a laghad iomarcach laistigh de thréimhse ama áirithe.

Sa bhliain 2009, thíolaic Éire iarratais EGF a bhain le hiaroibrithe de chuid Ríomhairí Dell i Luimneach (2,400 áit iomarcaíochta), Chriostal Phort Láirge (598 n-áit iomarcaíochta) agus SR Technics (838 áit iomarcaíochta).

Sa bhliain 2010, leanadh ar aghaidh le soláthar seirbhísí faoi chlár tacaíochtaí saindeartha EGF agus bhí 4,260 idirghabháil ann i gcás fostaithe Dell amháin sa tréimhse suas go dtí deireadh na bliana 2010. Is mar a leanas a bhí an caiteachas a íocadh le soláthraithe seirbhíse de bhun éileamh arna ndéanamh ar na trí iarratas EGF sa bhliain 2010:

Iarratas	Leithroinnt iomlán 2009-2011	Caiteachas iomlán 2010 -
Dell	€22.82m	€1.9m
Criostal Phort Láirge	€3.95m	€0.5m
SR Technics	€7.45m	€0.13m

I Meitheamh 2010, tíolacadh iarratas sealadach ar thacaíocht EGF i leith iaroibrithe thar 3 fho-earnáil tógála NACE[8]. Rinneadh iarratais chríochnaitheacha maidir le fo-earnálacha NACE 41, 43 agus 71, agus tuairim is €55 mhilliún i gceist iontu, a thíolacadh an 22 Feabhra 2011.

[7] Ó shin i leith, táthar tar éis an Clár Inteirneachta JobBridge a chur in ionad an chláir seo agus tagann JobBridge faoi chúram na Roinne Coimirce Sóisialaí.
[8] Is é atá sa Chód NACE ná córas aicmiúcháin uile-Eorpach trína ndéantar eagraíochtaí a ghrúpáil le chéile de réir a ngníomhaíochtaí gnó.

Cuspóir 2.5: Leanúint de dheiseanna oiliúna agus deiseanna feabhsaithe scileanna a sholáthar dóibh sin atá i bhfostaíocht sa chaoi go leanfaidh siadsan freisin dá scileanna a fhorbairt i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Scileanna

An Ciste do Bhunoideachas san Ionad Oibre (WBEF)

Is é is aidhm lárnach don Chiste seo (Scileanna don Obair) a bunaíodh sa bhliain 2004 ná oiliúint a sholáthar chun cabhrú le fostaithe déileáil leis na riachtanais atá ann san ionad oibre maidir le bunscileanna. Tá na cláir go léir dírithe ar fhostaithe a bhfuil gá acu le bunoideachas lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, go háirithe fostaithe a bhfuil cáilíochtaí na sraithe sóisearaí nó cáilíochtaí níos ísle acu. Maoinítear an WEBF tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus riarann Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath é trí thacú le 230 clár náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta aosach do 1,599 n-oibrí ag a bhfuil bunscileanna ísle. Ba é a bhí sa mhaoiniú a leithroinneadh do WEBF sa bhliain 2010 ná €2.8 milliún.

Cuspóir 2.6: Rannpháirtíocht a mhéadú trí phróiseas tarchurtha an Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta agus trí thacaíochtaí cuí eile le haghaidh oiliúna agus fostaíochta

Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair

Tugtar tacaíocht do rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair trí thacaíochtaí oiliúna agus fostaíochta a sholáthar agus, i gcás daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, trí phróiseas tarchurtha Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta (NEAP) na Roinne Coimirce Sóisialaí. Dírítear ar idirghabháil luath i ndáil le daoine a dtarchuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí iad chuig FÁS chun cabhrú leo lánpháirtiú a dhéanamh isteach sa mhargadh saothair.

Soláthraíonn FÁS sraith seirbhísí dóibh sin a bhfuil fostaíocht á lorg acu. Is iad Fostaíocht Phobail agus Tionscnamh Post na príomhscéimeanna fostaíochta agus is scéimeanna iad a sholáthraíonn deiseanna oibre agus oiliúna laistigh de phobail áitiúla. Sa bhliain 2010, bhí os cionn 24,000 áit ann sna scéimeanna seo.

I gcomparáid leis an mbliain 2009, tháinig méadú 15% sa bhliain 2010 ar an líon cliant a tharchuir an Roinn Coimirce Sóisialaí i gcomhair agallaimh. OÓs rud é go raibh laghdú beag ann i dtaca le rátaí freastail, bhí 78,300 agallamh tosaigh ann agus b'ionann an figiúr sin agus méadú 11% i gcomparáid leis an mbliain 2009.

Cuspóir 2.7: Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ar thaobh daoine faoi mhíchumas

Le linn na bliana 2010 lean oibriú an *Fhóirdheontais Pá (WS)* a fhaigheann maoiniú ó FÁS de dhreasachtaí leanúnacha a sholáthar d'fhostóirí agus do dhaoine faoi mhíchumas dul i mbun fostaíochta sa mhargadh saothair oscailte. Sa bhliain 2010 freisin, leanadh ar aghaidh leis an *Scéim Tacaíochta Fostaíochta (ESS)* do dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir leis na pléití faoin leagan imlíneach de Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn tuilleadh, leanadh ar aghaidh leo sa bhliain 2010 i gcomhar le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit. Is é is aidhm don straitéis seo ná aghaidh a thabhairt ar an ilchineálacht a ghabhann le himthosca, riachtanais agus cumais daoine faoi mhíchumas agus feabhas a chur ar oibriú agus ar éifeachtacht an raoin tacaíochtaí agus seirbhísí atá ag FÁS agus atá dírithe ar rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair oscailte a éascú do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an straitéis á cur ar aghaidh tuilleadh i nGrúpa Cros-Earnála faoi cheannas na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Sláinte agus Leanaí agus tá ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó FÁS agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte páirteach sa ghrúpa sin freisin.

Caibidil 3 – Ardoideachas agus Taighde

Sprioc Ardleibhéil a Trí: Ardoideachas agus taighde a neartú agus a chothabháil

Comhthéacs

Chonacthas leathnú neamhghnách ar ardoideachas na hÉireann le deich mbliana anuas agus líon na mac léinn tríú leibhéal san oideachas lánaimseartha[9] méadaithe ó faoi bhun 112,000 go dtí beagnach 158,000 (méadú 41%). Tá leibhéal na hinfheistíochta sa taighde méadaithe cuid mhór agus tá tionchar idirnáisiúnta á bhaint amach anois ag cáilíocht agus ag cáil taighde na hÉireann. Bhí tionchar thar a bheith dearfach ag na forbairtí seo i measc gach grúpa sóisialta chun leasa an duine aonair, na sochaí agus an gheilleagair níos leithne.

Tá an Roinn freagrach as forbairt agus forfheidhmiú foriomlán beartais maidir leis an earnáil ardoideachais, lena n-áirítear na hOllscoileanna agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta, agus soláthar maoine dóibh. Áirítear air seo forbairt beartais agus tacú le cláir chun cothromas rochtana ar ardoideachas a chinntiú, ag díriú go sonrach ar rannpháirtíocht na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta san earnáil.

Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) an comhlacht forbartha agus pleanála reachtúil don ardoideachas agus don taighde in Éirinn. Leithdháileann an Roinn maoiniú atréimhseach ar an HEA, a dhéileálann ina sheal le buiséid na seacht nOllscoileanna, na gceithre Institiúid Teicneolaíochta déag agus líon d'institiúidí ardoideachais ainmnithe. Tá tuilleadh eolais a bhaineann le hobair an HEA ar fáil óna láithreán gréasáin www.hea.ie.

Ina theannta, tá freagracht dhíreach ar an Roinn as acmhainní a chur ar fáil do líon beag institiúidí ardoideachais. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil freisin do sholáthar bonneagair a theastaíonn do sheachadadh ardoideachais lena n-áirítear bonneagar taighde.

Ina Ráiteas Straitéise 2008-2010 d'aithin an Roinn na tosaíochta seo a leanas don ardoideachas agus don taighde:

- Rannpháirtíocht a mhéadú agus a leathnú
- Seachadadh cláir a nuashonrú
- Cáilíocht den scoth a bhaint amach ag gach leibhéal ó oideachas fochéimithe go dtí ardtaighde ceathrú leibhéal

Cuspóir 3.1: Cáilíocht ardoideachais agus a chumas chun freagairt do riachtanais atá ag athrú a fheabhsú

An Straitéis Náisiúnta Forbartha agus Seachadadh Ardoideachais

Tugadh straitéis fiche bliana chun críche agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais í i Nollaig 2010. Is grúpa stiúrtha ardleibhéil a threoraigh forbairt na straitéise thar thréimhse ocht mí dhéag agus agus a sholáthraigh scrúdú cuimsitheach ar na dúshláin a bhí roimh an earnáil amach le raon leathan ionchur ó pháirtithe leasmhara éagsúla mar aon le saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Foilsíodh an Straitéis in Eanáir 2011.

[9] Foinse – Staitisticí Oideachais 2009/2010

Leag an Straitéis amach treoracha don athrú atá dírithe ar sholáthar na nithe seo a leanas:

- Córas níos solúbtha le rogha níos mó soláthair agus modhanna foghlama do chohórt mac léinn a bhfuil éagsulacht níios mó agus níos mó le haithint orthu
- Feabhsuithe i gcáilíocht taithí an mhic léinn, i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama agus i mbainteacht torthaí foghlama leis an saol mór; agus
- Nasc níos éifeachtúla le riachtanais shóisialta, eacnamíocha agus fiontair níos leithne a chinntiú don ardoideachas trína fhoireann, trí cháilíocht a chéimithe, trí bhainteacht a chlár leis an saol mór, trína thaighde agus trína chumas é seo a aistriú isteach i bpostanna ardluacha agus fíorshochair don tsochaí.

Molann an Straitéis roinnt athruithe córais atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na cuspóirí seo, lena n-áirítear:

- Líon níos lú institiúidí ardoideachais a bhfuil neart suntasach iontu; mais chriticiúil; agus atá á rialú de réir an chleachtais nua-aimseartha is fearr.
- Córas maoinithe inbhuanaithe chun tuilleadh fáis agus forbartha a cheadú le linn do mhaoiniú poiblí a bheith ailínithe níos mó le tosaíochtaí agus le riachtanais náisiúnta;
- Córas bunaithe níos mó ar fheidhmíocht agus sreabhadh sonraí atá i bhfad níos trédhearcaí; measúnú ar thorthaí agus ar thionchair níos leithne agus freagracht níos déine d'institiúidí de réir conarthaí feidhmíochta aontaithe.

Maoiniú Atréimhseach

I 2010, cuireadh beagnach €1.194bn i maoiniú atréimhseach ar fáil do hearnálacha na hOllscoile agus na hInstitiúide Teicneolaíochta (IOT). Áirítear i maoiniú atréimhseach don earnáil tríú leibhéal deontas in ionad costas na dtáillí teagaisc arbh fhiú agus thart ar €400 milliún iad sa scoilbhliain 2009/2010.

An Ciste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF)

Tugadh an SIF isteach i 2006 chun nuachóiriú, athrú agus leasú i bpríomhghníomhaíochtaí ardoideachais a bhrú chun cinn. Ar cheann de phríomhrathúlachtaí an Chláir bhí an leibhéal comhoibrithe idirinstitiúide a ghin sé ar fud na hearnála. I 2010 b'fhiú €27 milliún an caiteachas atréimhseach faoin gciste seo.

Tá tuilleadh mionsonraithe maidir leis an gciste seo ar fáil ó láithreán gréasáin HEA (www.hea.ie).

Infheistíocht i mBonneagar Ardoideachais

I 2010 lean an Roinn lena chlár infheistíochta i mbonneagar ardoideachais phríomhshrutha le breis agus €162 milliún – méadú de €25 milliún ar an mbliain roimhe. Tugadh ocht mórthionscadal chun críche go hiomlán rud a sheachadaigh 37,676m² de shaoráidí nua agus feabhsaithe do bhreis agus 8,500 mac léinn. Ina theannta, ó dheireadh Nollag 2010 bhí dhá thionscadal déag eile a bheith ceaptha thart ar 56,049 m² a sheachadadh, ar an suíomh agus bhí aon tionscadal déag eile á ndearadh agus acmhainn 31,227 m² de chóiríocht nua, faofa acu.

Bhí costas iomlán €42m ar an Scéim Deontais Déabhlóidithe i 2010, a leathnaíodh i 2009 chun na 7 Ollscoil a chur san áireamh mar aon leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta. Rinneadh miontionscadail oibre a bhí bainteach le cothabháil saoráidí faoin Scéim.

D'aithin Clár Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí an Rialtais, a fógraíodh i 2005, 7 tionscadal nua Tríú Leibhéal i 9 ionad le seachadadh trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP).

In Iúil 2009, tugadh an chéad bheartán de thionscadail tríú leibhéal PPP, a raibh sé foirgneamh i 4 Institiúid Tríú Leibhéal i gceist ann, ar lámh don Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) le haghaidh soláthair agus fuarthas tairiscintí i Lúnasa 2010. Tugadh an 2ú Beartán de thionscadail tríú leibhéal ar lámh don NDFA i Meán Fómhair 2010 agus tá an próiseas tairisceana ar siúl i gcónaí. Cuireadh tús leis an obair réamhsholáthair ar an 3ú Beartán de Thionscadail Tríú Leibhéal i Samhain 2009 agus tá sé á thabhairt chun críche.

Suíomh Ghráinseach Ghormáin

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin i mBealtaine 2006. I 2009, thug an Ghníomhaireacht a Plean Straitéiseach agus a Buiséad d'fhorbairt mholta an tsuímh chun críche. Áirítear sa Phlean Straitéiseach na roghanna agus na costais ghaolmhara a bhaineann le haistriú champas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) go dtí an suíomh, mar aon le moltaí ar sholáthar suímh do na saoráidí sláinte iomchuí. Fógraíodh faomhadh an Rialtais chun dul ar aghaidh leis an gcéad chéim den Phlean Straitéiseach d'fhorbairt suíomh Ghráinseach Ghormáin i Meán Fómhair 2010.

Cuspóir 3.2: Líon na PhD agus gníomhaíochta taighde a mhéadú go suntasach

Straitéis don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht (SSTI)

Is ceann de phríomhcholúin an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 an Straitéis seo, agus is treoirphlean í chun cumas nuálaíochta agus taighde na hÉireann a fhorbairt. Soláthraíonn an SSTI do raon clár tacaíochta thar roinnt Ranna Rialtais agus tá sé d'aidhm aige scála agus cáilíocht na taighde agus socruithe aistrithe teicneolaíochta a dhéantar in Éirinn sna hearnálacha ardoideachais, poiblí agus fiontair, a fheabhsú.

Is mór-chomhpháirtí í an Roinn i seachadadh SSTI agus bhí freagracht mhaoinithe dhíreach uirthi i 2010 as roinnt clár maoinithe faoin SSTI, iad go léir dírithe go príomha ar chumas taighde sa chóras ardoideachais a fhorbairt trí sholáthar bonneagair fhisiciúil agus trí fhorbairt oideachais ardcháilíochta ceathrú leibhéal. Áirítear ar na cláir seo scéimeanna dámhachtainí dhá Chomhairle Taighde Éireannach.

Mar chuid d'iarrachtaí chun struchtúir seachadta mhaoiniú taighde a chomhdhlúthú agus a shruthlíniú, d'aistrigh an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) mar aon le roinnt clár maoinithe taighde níos lú, ón Roinn go dtí an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta, mar a bhí ann ag an am, i mBealtaine 2010.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear mionsonraí maoinithe, maidir leis an Straitéis seo ar fáil ó láithreán gréasáin an HEA (www.hea.ie).

Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET)

Bunaíodh an IRCSET i 2001 agus is comhlacht monatóireachta agus maoinithe taighde neamhspleách é a chuireann taighde eolaíochta agus innealtóireachta chun cinn in Éirinn. Cuireann sé tionscnaimh mhaoinithe taighde i bhfeidhm a thacaíonn le taighdeoirí ardtallaine go luath i múnlú a ngairmeacha beatha agus iad ag na leibhéil Máistreachta, Dochtúireachta agus IarDhochtúireachta, sna heolaíochtaí,

san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tá na tionscnaimh seo ceaptha a chinntiú gur ionad idirnáisiúnta tarraingteach don taighde ardleibhéil a bheidh in Éirinn. Bhronn an Chomhairle 192 Scoláireacht Iarchéime agus 90 Comhaltacht Iardhochtúireachta i 2010.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle (www.ircset.ie).

An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)

Bunaíodh an IRCHSS i 2000 mar fhreagairt don riachtanas cumas taighde agus bonn scileanna na hÉireann a fhorbairt i dtimpeallacht dhomhanda a bhí ag athrú go sciobtha áit arbh í an t-eolas atá lárnach d'fhás eacnamaíoch agus sóisialta. Tugann IRCHSS maoiniú do thaighde ceannródaíoch sna dána, sna heolaíochtaí sóisialta, i ngnó agus sa dlí, é d'aidhm aige eolas agus saineolas nua a chruthú a dhéanfadh leas forbairt eacamaíoch, chultúrtha agus sóisialta na hÉireann. Bhronn an Chomhairle 91 Scoláireacht Iarchéime agus 25 Comhaltacht Iardhochtúireachta i 2010.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle (www.irchss.ie).

Cuspóir 3.3: Rochtain ar ardoideachas a spreagadh go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus deiseanna foghlama solúbtha a sholáthar

Tá an Roinn freagrach as forbairt bheartais náisiúnta ar chothromas rochtana ar ardoideachas do gach mac léinn a threorú, go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá faoi ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Chun na críche sin tacaíonn sí le raon bearta tiomanta a éascaíonn leibhéil níos mó rannpháirtíochta ag mic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn lánfhásta agus mic léinn faoi mhíchumas.

Tacaíochtaí Airgeadais

Déantar an phríomhthacaíocht, ó thaobh airgid de, a sholáthar faoi cheithre scéim deontais do mhic léinn a chuireann cuidiú airgeadais de réir tástála acmhainne ar fáil do mhic léinn san ardoideachas agus i mbreisoideachas. Is iad na scéimeanna sin Scéim na nDeontas Ardoideachais, Scéim Scoláireachta na gCoistí Gairmoideachais, An Scéim Deontais Chothaithe Tríú Leibhéal do Mhic Léinn faoi Oiliúint agus an Scéim Deontais Chothaithe do Mhic Léinn a fhreastalaíonn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Is iad na húdaráis áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais a riarann na scéimeanna.

Ba é €3,250 an t-uasráta caighdeánach do dheontas cothaithe do 2010. Fuair mic léinn a cháiligh don ghnáthdheontas neamhchóngarach, móide an ráta speisialta deontais chothaithe, €6,355. I 2010**,** fuair 69,486 mac léinn deontais faoi na ***Scéimeanna Deontais do Mhic Léinn*** ar chomhchostas €362m[10]**.**

Cuireann an ***Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn*** cúnamh airgeadais ar fáil do mhic léinn ardoideachais lánaimseartha a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar an gcoláiste. Féadfaidh mic léinn iarratas a dhéanamh go díreach chuig a gcoláiste le haghaidh Cabhrach do Mhic Léinn chun cuidiú leo déileáil le deacrachtaí sealadacha nó leantacha airgeadais. Cuireann an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn foinse eile maoinithe ar fáil do mhic léinn ardoideachais anuas ar scéimeanna eile. Bhí luach €5m ag an gciste do 2010/2011. Bhain breis agus 7,600 mac léinn leas as an gciste seo don bhliain acadúil 2009/2010.

Leithdháileann an ***Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas*** maoiniú do choláistí ardoideachais agus breisoideachais do sholáthar seirbhísí agus tacaíochtaí do mhic léinn faoi mhíchumas. Tá sé d'aidhm ag

[10] Figiúr sealadach – Andrew Diggins 26/08

an gCiste a chinntiú gur féidir le mic léinn a bheith rannpháirteach go hiomlán ina gcláir acadúla agus nach bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste de bharr míchumais. Féadfaidh mic léinn incháilithe cúnamh a fháil ón gCiste ó leibhéal PLC suas go dtí leibhéal dochtúireachta. Ní gá go mbeidís sa chéad bhliain de chúrsa le bheith incháilithe chun cur isteach ar an gCiste. I 2010 ceadaíodh leithdháileadh €12.2m mar thacaíocht do mhic léinn faoin gciste seo. Sa bhliain acadúil 2009/10 bhain líon iomlán de 4,964 mac léinn leas as an gCiste seo arbh ionann agus méadú de bhreis agus 1,000 mac léinn ar an mbliain acadúil roimhe.

Soláthraíonn an Roinn freisin do roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal, lena n-áirítear scoláireachtaí ag díriú ar limistéir faoi mhíbhuntáiste. Sa scoilbhliain 2009/10, bhí scoláireacht ag 274 duine. B'ionann an caiteachas iomlán i 2010 agus €2.1m.

Saoráid Nua d'Iarratas ar Dheontas Ar Líne

Bhí teacht ar chóras nua beo a chuireann saoráid ar fáil do mhic léinn iarratais ar dheontas a dhéanamh ar líne don bhliain acadúil 2010/2011 i Meán Fómhair 2010. Tar éis do mhic léinn clárú leis an gcóras faigheann siad treoracha atá ceaptha dá riachtanais aonair féin. Roimhe seo bhíodh suas le 60% de na hiarratais a fuair údaráis cháiliúcháin neamhiomlán agus b'éigean iad a chur ar ais go dtí na mic léinn. Ní ghlacann an córas ar líne leis an iarratas ach nuair a bhíonn sé iomlán. Tugann sé treoracha soiléire do mhic léinn faoin bhfianaise dhoiciméadach a theastaíonn go sonrach uathu. Cuireann an córas bealach ar fáil freisin don údarás cáiliúcháin chun caidreamh anonn is anall a dhéanamh leis an mac léinn tríd an idirlíon. Chomhoibrigh aon údarás déag bronnta deontais leis an gcóras ar líne agus tá siad ag tacú leis faoi láthair. Déanfar an córas a rolladh amach chuig údaráis bhronnta eile don bhliain 2011/2012.

Is iad seo a leanas na 11 údarás bronnta deontais a ghlac páirt ar dtús sa chóras ar líne:

- Coiste Gairmoideachais Chorcaí
- Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí
- Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
- Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath
- Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath
- Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara
- Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire
- Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
- Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh
- Coiste Gairmoideachais Chathair Phort Láirge
- Coiste Gairmoideachais Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin

Íocaíocht deontas mac léinn trí Ríomhaistriú Airgid (EFT)

I 2009 d'oibrigh an Roinn go dlúth le roinnt údarás áitiúla agus le Coistí Gairmoideachais chun íocaíocht deontas mac léinn trí EFT go díreach isteach i gcuntas bainc an mhic léinn, a bhí beartaithe, a chur chun cinn. Cé go dtéann athrú íocaíocht deontas mac léinn ó íocaíocht le seic go híocaíocht trí ríomhaistriú airgid go mór chun leasa an mhic léinn, na hinstitiúide agus na gcomhlachtaí bronnta deontais, tá an t-uainiúchan agus soláthar beacht fíoraithe criticiúil do riaradh EFT ag na comhlachtaí bronnta deontas. Rinne an Roinn athbhreithniú ar an gcéim thástála thosaigh i 2010. Bhí na freagairtí go léir don chóras EFT ó na comhlachtaí agus ó na hinstitiúidí rannpháirteacha bronnta deontas, dearfach d'aonghuth agus d'fhág torthaí foriomlána an athbhreithnithe gurbh fhéidir leathnú a dhéanamh ar an gcóras íocaíochta seo go dtí comhlachtaí agus institiúidí bronnta deontas i 2010.

Feabhsuithe Seirbhíse eile a tugadh isteach i 2010

Foilsíodh na scéimeanna deontais do mhic léinn trí mhí níos luaithe ná mar a rinneadh an bhliain roimhe agus léirítear gur chuir sé seo le torthaí níos sciobtha ar iarratais ar dheontais.

Rinneadh mionscrúdú iomlán ar an bhfoirm iarratais ar dheontas mac léinn agus ar na nótaí treoracha chun iad seo a dhéanamh chomh simplí agus ab fhéidir agus chun líon na n-iarratas ar ghá do na comhlachtaí bronnta deontais a chur ar ais chuig mic léinn toisc iad a bheith neamhiomlán nó míchruinn, a laghdú.

An Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal

I 2003 bhunaigh an Roinn an Oifig seo san Údarás um Ard-Oideachais chun rochtain agus deis oideachasúil do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas a éascú. Is iad seo na grúpaí a bhfuil tús áite tugtha dóibh:

- Grúpaí socheacnamaíocha atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas;
- Mic léinn lánfhásta;
- Mic léinn faoi mhíchumas.

I 2010, lean an Roinn ag cur maoiniú ar fáil don oifig seo a riarann roinnt beart rochtana thar ceann na Roinne.

An Bille um Thacaíocht do Mhic Léinn

Thug an Bille seo, a dhéanfaidh foláireamh d’athstruchtúrú bunaidh radacach ar fheidhm iomlán riaracháin deontas mac léinn agus a chuirfidh scéim aontaithe aonair ar fáil, céim na Tuarascála chun críche i nDáil Éireann i Nollaig 2010.

Caibidil 4 – Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt

Sprioc Ardleibhéil a Ceathair: Tacú le seachadadh agus le forbairt an oideachais trí fhoirmliú beartais, phleanáil d'ardchaighdeán agus fócas láidir custaiméara.

Comhthéacs

Ar na laethanta dúshlánacha eacnamaíocha seo tuigeann an Roinn go rí-mhaith an riachtanas atá le neartú cumais chun ár gcion tairbhe don téarnamh náisiúnta agus don chomhréir shochaíoch a uasmhéadú. Tá an Roinn tiomanta do chlár leanúnach d'fheabhas leantach a chuirfidh ar ár gcumas obair níos fearr a dhéanamh, seirbhís fheabhsaithe don chustaiméir a sholáthar agus acmhainní ár bhfoirne a uasmhéadú. I 2010 ba í tosaíocht na Roinne i gcónaí seachadadh na dtorthaí optamacha do gach foghlaimeoir ó na hacmhainní a bhí ann ag an am, agus i roinnt mhaith cásanna, acmhainní a bhí ag dul i léig. Bíonn foghlaimeoirí, a dtuismitheoirí, oideoirí agus daoine nach iad ag súil le hardchaighdeán seirbhíse, freagracht níos mó agus pleanáil d'ardchaighdeán chun freastal ar riachtanais oideachais na sochaí a bheidh ann amach anseo. Tá an Roinn tiomanta i gcónaí d'fheidhmiú leanúnach chlár an Rialtais don nuachóiriú ar fud na hearnála poiblí.

Is iad seo tosaíochta sonracha na Roinne mar a aithníodh iad sa Ráiteas Straitéise 2008-2010:

- An tseirbhís a sheachadaimid a fheabhsú agus a fhorbairt
- Beartais don chóras oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú
- Leanúint le cur i bhfeidhm an chláir nuachóirithe
- Clár díláraithe an Rialtais a chur i bhfeidhm

Cuspóir 4.1: Beartais éifeachtacha a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ann cheana agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn in earnáil an oideachais.

Pleanáil agus athbhreithniú beartais

Is cuid lárnach de sheirbhísí na Roinne í forbairt bheartais. Tacaíonn an Roinn le taighde, le measúnú agus le pleanáil chun creat beartais éifeachtach a chinntiú tríd a Rannóg Beartais Láir.

Bailiú Sonraí

I 2010 bhí scaipeadh feabhsaithe sonraí ann trí láithreán gréasáin bunachar sonraí idirghníomhach de Staitisticí Oideachais ar líne á óstáil ag an Lároifig Staidrimh thar ceann na Roinne chun úsáideoirí staitisticí a chumasú na sonraí atá uathu a lorg agus a íoslódáil. Tá eolas amsraitheanna mionsonraithe sa bhunachar sonraí ar raon topaicí oideachais lena n-áirítear rollú bunleibhéil, meánleibhéil agus tríú leibhéal, múinteoirí, cóimheas daltaí le múinteoir, scoileanna, caiteachas ar oideachas, córas iompair scoile agus eolas oideachasúil eile. Féadfaidh úsáideoirí an tsaoráid seo a chuardach, atá ar fáil trí láithreán gréasáin na Roinne www.education.gov.ie, chun sonraí ar suim leo a aimsiú nó chun táblaí staitistice saincheaptha a ghiniúint ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir.

Bhog an Roinn ar aghaidh ó Mhóráireamh Bunscoileanna páipéarbhunaithe go dtí ríomhaistriú eolais a d'fhág gur tugadh an Móráireamh Bunscoile chun críche níos tapa agus léirithe luath rollaithe ann. Ar na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige scarbhileoige tá go bhfuil sé níos éifeachtaí don phríomhoide í a líonadh isteach agus don Roinn í a phróiseáil. Déantar na hiomláin a ríomh go huathoibríoch agus tá

earráidí agus cros-seiceálacha á gcur isteach ar an bhfoirm. Ciallaíonn sé seo go n-aimseofar earráidí agus go gcuirfear ina gceart iad agus na foirmeacha á líonadh, rud a fhágann nach mbeidh gá ag an Roinn dul i dteagmháil leis an scoil arís amach sa bhliain chun earráidí no neamhrialtachtaí a réiteach. Freisin, toisc go ndéantar cuid den obair go huathoibríoch ar an scarbhileog, laghdófar an t-am a theastaíonn ó phríomhoidí leis an bhfoirm a líonadh. Chomh maith leis seo cuireadh réimse moltaí/tráchta leis an bhfoirm don bhliain 2010/2011. Tugadh rogha freisin do scoileanna speisialta na foirmeacha móráirimh 2010/2011 a chur ar ais tríd iad a uaslódáil chuig an Esinet más mian leo é sin a dhéanamh. Uaslódáileadh Tuarascálacha Staidrimh Bliantúla ag dul siar go dtí 1924/1925 ar láithreán gréasáin na Roinne mar eolas do thaighdeoirí agus do mhic léinn.

D'fhoilsigh an Roinn na foilseacháin seo a leanas i 2010:

- Paimfléad ar Staitistici Oideachais 2008/09.
- Teilgin rollaithe lánaimseartha ag Bunleibhéal, Meánleibhéal agus Tríú Leibhéal 2009-2030
- Eolas faoi Mhéid Ranga ag leibhéal scoile aonair 2009/2010

Ag an leibhéal iarbhunscoile rinne an Roinn an bailiúchán eolais ar iarratasóirí d'uaireanta tacaíochta breise don Lucht Siúil agus do thacaíocht do theanga an Bhéarla a chónascadh isteach le tuairisceáin bhailiúcháin sonraí Dheireadh Fómhair, rud a d'fhág go bhféadfaí bailiúcháin sonraí ar na hábhair seo a fhágáil as an áireamh an t-ualach ar scoileanna á laghdú dá réir Ag teacht leis na ceanglais um Chosaint Sonraí chomhairligh an Roinn do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas go raibh na sonraí seo á mbailiú agus á gcur ar ais chuig an Roinn chun críocha acmhainní breise a leithdháileadh.

Ag éirí as an Straitéis ar Shonraí sheol an Roinn fardal cuimsitheach de na bailiúcháin sonraí go léir ó scoileanna. Is é cuspóir an Fhardail scrúdú a dhéanamh ar na bailiúcháin sonraí ó scoileanna chun fáil réidh le dúbláil nach gá agus an t-ualach riaracháin foriomlán ar scoileanna a laghdú, mar aon le féachaint cén chaoi a bhféadfaí méid foriomlán d'acmhainní na Roinne a chaitear ar bhailiú sonraí ó scoileanna a laghdú i bhfianaise laghdú leanúnach ar líon foirne, agus leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ag an Roinn. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Athbhreithnithe Luach ar Airgead (VFM)

Is iad cuspóirí an chláir athbhreithnithe (a) anailís a dhéanamh ar chaiteachas an Státchiste ar bhealach córasach agus (b) bonn a sholáthar ar féidir cinntí níos eolasaí a thógáil air.

Déanann an Roinn monatóireacht agus tuairisciú ar mholtaí athbhreithnithe atá tugtha chun criche tríd a Lárionad Beartais. Anuas ar chomhordú a dhéanamh ar an gClár Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead, déanann an tAonad seo comhordú freisin ar thuairisciú ar thuairiscithe/athbhreithnithe beartais foirmiúla tiomanta a ullmhaíodh d'fhonn iad a fhoilsiú, a mbíonn tionchar acu ar shaincheisteanna luach ar airgead. Áirítear tuairiscí a d'ullmhaigh Aonad Measúnaithe Taighde agus Tacaíochta (ESRU) na Cigireachta.

Bhí sé Athbhreithniú VFM ar siúl amhail ar 31 Nollaig 2010, agus dátaí críochnaithe sceidealaithe acu roimh dheireadh 2011:

- Athbhreithniú ar Scéim na nOibreacha Samhraidh
- Athbhreithniú ar Shocruithe Árachais do Scoileanna
- Athbhreithnithe ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta
- Athbhreithniú ar chaiteachas ar thacaíocht teanga do mhic léinn imirceacha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna nach labhrann Béarla (nó Gaeilge) mar chéad theanga
- Athbhreithniú ar Iompar Scoile
- Athbhreithniú ar Sholathar do Bhunscoileanna Beaga

Scoileanna Náisiúnta Pobail (CNS)

Lean feidhmiú samhail CNS de bhunscoil faoi phátrúnacht VEC, a d'fhaomhaigh an Rialtas i 2007, le linn 2010. Is freagra é samhail CNS ar an éileamh méadaitheach ar rogha tuismitheora i bpátrúnacht bunscoileanna.

Is í aidhm na samhla freastal ar an éagsúlacht laistigh den phobal i suíomh scoile aonair. Tá imeascadh, cothromas agus comhréir in éiteas na scoileanna áit a gcuirtear luach ar gach leanbh agus gach ball de phobal na scoile agus a gcaitear leo le hurraim. Is scoileanna ilchreidmheacha iad agus cuireann siad fáilte roimh leanaí ó gach creideamh nó gan chreideamh ar bith agus bíonn meas acu orthu agus is príomhchuspóir na samhla oideachas reiligiúnach agus múnlú creidimh a chur ar fáil i rith an lá scoile de réir mianta tuismitheoirí. Cuireadh tús leis an scéim phíolótach i Meán Fómhair 2008 le hoscailt dhá scoil i limistéar Baile Átha Cliath 15 agus d'oscail trí scoil eile i mBaile Brigín, i Nás agus san Uaimh i bhfómhar 2010.

Tá maoirseacht ar fheidhmiú na samhla píolótaí á déanamh ag Comhchoiste Stiúrtha DES-VEC. Tá measúnú ar an scéim phíolótach á dhéanamh ag fochoiste de chuid an Ghrúpa Stiúrtha. D'fhoráil an Bille Oideachais (Leasú) 2010 a foilsíodh i Meán Fómhair 2010 do chreat reachtúil chun rannpháirtíocht VECanna i soláthar bunoideachais a éascú.

Beartas Cáilíochtaí

Tríd a tacaíocht d'Údarás Náisiúnta Cáilíochta na hÉireann (NQAI) agus do Chomhairlí na nDámhachtainí Breis agus Ardoideachais agus Oiliúna (FETAC agus HETAC) spreagann an Roinn forbairt agus feidhmiú an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, dearbhú cáilíochta raon leathan de sholáthar breis agus ardoideachais agus oiliúna agus bronnadh dámhachtainí ar fhoghlaimeoirí.

Is e FETAC, a bunaíodh i 2001 faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachais agus Oiliúint) 1999, an comhlacht dámhachtainí reachtúil do bhreisoideachas agus d'oiliúint in Éirinn. Déanann FETAC dámhachtainí dearbhuithe cáilíochta ar chuid den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) iad ó leibhéil 1-6. Tá freastal ar éileamh foghlaimeora lárnach d'obair FETAC. Rinne FETAC thart ar 195,000 dámhachtain i 2010 thar Leibhéil 1-6 den Chreat. I 2010 chuir an Roinn thart ar €5.2 milliún ar fáil chun tacú le hobair na Comhairle.

Bunaíodh HETAC i Meitheamh 2001 faoin Acht Cáilíochtaí (Oideachais agus Oiliúint)1999. Bronnann HETAC dámhachtainí cáilíochtaí ag gach leibhéal den ardoideachas agus den oiliúint suas go leibhéal PhD. Áirítear ar a príomhfheidhmeanna caighdeáin do dhámhachtainí ardoideachais agus oiliúna a leagan síos, cláir ardoideachais agus oiliúna a bhailíochtú, monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta dearbhú cáilíochtaí institiúideacha, tarmligean cumhachtaí dámhachtainí chuig institiúidí aitheanta, a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta measúnaithe mac léinn cóir agus comhsheasmhach, agus a chinntiú go bhfuil socruithe ann in institiúidí tráchtála oideachais agus oiliúna chun foghlaimeoiri a chosaint áit nach gcuirtear cláir a bhailíochtaigh HETAC ar fáil níos mó. Rinne HETAC thart ar 22,600 Mórdhámhachtain agus 2,600 Miondámhachtain agus Dámhachtain Shaincuspóireach thar Leibhéil 6-10. I 2010 chuir an Roinn thart ar €1.3 milliún ar fáil chun tacú le hobair na Comhairle.

Tá freagracht ar an NQAI a bunaíodh i bhFeabhra 2001 as forbairt agus cothabháil an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá trí phríomhchuspóir aige atá leagtha amach in Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 mar a leanas:

- Creat a bhunú agus a chothabháil ar creat é chun cáilíochtaí a fhorbairt agus a aithint agus a dhámhachtain a bheidh bunaithe ar chaighdeáin eolais, scile nó inniúlachta a bheidh le baint amach ag foghlaimeoirí;
- Caighdeáin a bhunú maidir le cothabháil agus le cur chun cinn dámhachtainí san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais agus oiliúna, seachas sna hollscoileanna atá ann cheana; agus
- Rochtain, aistriú agus forchéimniú tríd an réimse soláthair oideachais agus oiliúna a chur chun cinn agus a éascú.

I 2010 chuir an Roinn thart ar €2.44 milliún ar fáil chun tacú le hobair an Údaráis.

I 2010 thosaigh an Rannóg Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnú Beartais den Roinn ag dréachtadh an Bhille Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), chun foráil do chónascadh NQAI, FETAC agus HETAC in aon ghníomhaireacht amháin. Glacfaidh an ghníomhaireacht nua freagracht freisin as athbhreithniú dearbhú cáilíochta seachtrach na n-ollscoileanna, feidhm atá ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann agus ag an Údarás um Ard-Oideachais faoi láthair. Cheap an tAire Bord Eatramhach na gníomhaireachta cónasctha i mí Eanáir, agus CEO Ainmnithe na gníomhaireachta nua i nDeireadh Fómhair, a chuideoidh leis an mBord Eatramhach agus na hullmhúcháin riaracháin don chónascadh á gcur chun cinn.

Dréachtphlean Náisiúnta ar Litearthacht agus ar Uimhearthacht i Scoileanna a Fheabhsú

Leagann an dréachtphlean seo amach, a foilsíodh i Samhain 2010, spriocanna náisiúnta a chlúdaíonn luath-óige, bunoideachas agus iar-bhunoideachais. Déanann na spriocanna iarracht cultúr níos fearr léitheoireachta a chruthú agus dearcadh níos dearfaí i leith matamataice i measc daoine óga. Amhail dheireadh Nollag 2010 bhí comhairliúcháin ag dul ar aghaidh go leanúnach agus spriocam d'fhreagairtí ag deireadh Feabhra 2011. Meastar go mbeidh cruinnithe comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara i Márta agus in Aibreán 2011.

Treoir AE 2005/36/CE maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint

Leagann an Treoir seo, a raibh éifeacht leis i nDeireadh Fómhair 2007, amach nósanna imeachta d'aithint raon leathan cáilíochtaí gairmiúla. Mar thaca le measúnú an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir seo, ullmhaíodh tuarascáil taithí ar an gcóras ginearálta aithinte i gcomhar leis na húdaráis inniúla agus cuireadh ar fáil don Choimisiún í i nDeireadh Fómhair 2010.

Straitéis Oideachais Idirchultúrtha 2010 -2015

D'fhoilsigh an Roinn, i gcomhar le hOifig an Aire Lánpháirtíochta, an straitéis seo i Meán Fómhair 2010. Is iad aidhmeanna na straitéise na nithe seo a leanas a chinntiú:

- an taithí oideachais a bhíonn ag gach mac léinn "*go n-urramaíonn sé an éagsúlacht luachanna, creideamh, teangacha agus traidisiún i sochaí na hÉireann agus go stiúrtar é le meon comhpháirtíochta (An tAcht Oideachais, 1998*); agus
- go gcuirtear cúnamh ar fáil do gach soláthraí oideachais chun a chinntiú go dtagann an cuimsiú agus an lánpháirtiú laistigh de thimpeallacht foghlama idirchultúrtha chun a bheith ina norm.

Cuspóir 4.2: Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann deachleachtas i gcaidreamh tionsclaíoch chun cinn.

I 2010, lean an Roinn uirthi, tríd a hAonad Caidrimh Foirne Seachtrach, (ESRU), ag soláthar agus ag feidhmiú creata agus seirbhís chaidrimh thionsclaíoch ag an leibhéal náisiúnta chun próiseáil saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch a bhaineann leis an earnáil oideachais lasmuigh den Roinn Oideachais agus Scileanna a bhainistiú. Áirítear ar fheidhmeanna ESRU cur chun cinn comhlíonadh beartais phá an Rialtais laistigh den earnáil oideachais níos leithne, lánfheidhmiú an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) maidir leis an earnáil oideachais agus soláthar comhairle do rannáin líne laistigh den Roinn (agus do na hinstitiúidí oideachasúla) ar fheidhmiú dlí fostaíochta.

I 2010 b'ionann maoiniú do na socruithe Comhpháirtíochta san Earnáil Oideachais agus €90,000.

Cuspóir 4.3: Forbairt a chur ar bhaill foirne agus tacú leo agus féachaint le feabhas leanúnach a chur ar éifeachtúlacht, ar luach agus ar cháilíocht ár seirbhísí.

Tacaíochtaí ICT

Tá an Roinn ag brath i gcónaí ar roinnt córas ICT chun tacú le príomhfheidhmeanna gnó. I rith 2010 tugadh roinnt feabhsuithe suntasacha ar chórais lárnacha chun críche lena n-áiritear feabhsuithe ar Chóras Párolla Múinteoirí agus ar an gCóras Éileamh Ar Líne.

Chuaigh na tionscadail Eintiteas an Dalta a Fheidhmiú (PEIP) agus an Fardal Cóiríochta Scoile (ISAP) beo i 2010. Déanann an PEIP sruthlíniú ar phróisis inmheánacha na Roinne agus laghdaíonn an t-ualach riaracháin bainteach le bailiú agus le taifeadadh sonraí dalta, agus éascaíonn ISAP bailiú éifeachtach sonraí ó scoileanna.

Ina theannta, lorgaíodh tairiscintí d'uasghrádú mór ar leithead banda do thrí fhoirgneamh Cheannáras na Roinne agus don 31 oifig réigiúnach agus áitiúla.

Forbairt Phearsanta

Tríd a hAonad Forbartha agus Oiliúna Foirne téann an Roinn i bpáirt leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht chun riachtanais oiliúna a aithint agus eagraíonn sí agus tacaíonn sí le raon leathan clár forbartha agus oiliúna don fhoireann.

Cuireadh sa bhreis ar 2,500 lá oiliúna ar fáil i 2010. Bhí an oiliúint seo dírithe ar phríomhriachtanais ghnó na Roinne, agus i gcomhréir le costais oiliúna foriomlána a laghdú, seachadadh a bhformhór intí. Ar na háiteanna ar cuireadh oiliúint ar fáil áiríodh Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, oiliúint induchtaithe do bhaill foirne nua, oiliúint sa Ghaeilge, Forbairt Oifigeach Feidhmiúcháin, Soláthar Poiblí, IT (úsáideoir deiridh) agus oiliúint theicniúil IT.

Anuas ar oiliúint agus ar fhorbairt do ghráid riaracháin cuireadh tacaíocht oiliúna saincheaptha ar fáil don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta (NEPS), don Aonad Tógala agus Pleanála (PBU) agus don Aonad IT chun freastal ar a sainriachtanais oiliúna teicniúla agus gairmiúla féin.

Cé is moite den fhorbairt agus den oiliúint eagraithe a bhfuil cur síos air thuas, choinnigh an Roinn uirthi ag cothú cultúr foghlama trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine den fhoireann a d'fhreastail ar chúrsaí

breisoideachais ina gcuid ama féin agus atá bainteach leis an Roinn agus leis an tSeirbhís Phoiblí agus leis an Státseirbhís níos leithne.

Ciste Struchtúrach na hEorpa agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

I 2010 lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta do sheachadadh seirbhísí oideachais trí uastharraingt anuas cúnaimh ó Chistí Struchtúracha na hEorpa (ESF) a chinntiú faoin gClár Oibriochtúil Infheistíochta Caipitil Daonna (HCIOP) agus faoi Chláir Oibríochtúla Réigiúnacha BMW[11] agus S&E[12], agus trí mhonatóireacht agus trí thuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar bhearta oideachais.

Rinneadh éilimh ar tharraingt anuas cúnamh airgeadais ón ESF faoi spriocamanna ábhartha AE i 2010. Tugadh cuairteanna ar shuíomh de réir Rialachán AE chun fírinneacht na dtuairisceán a bhí á ndeanamh a fhíorú. Fuair an Roinn beagnach €50 milliún i bhfáltais chúnaimh ESF i 2010 ar bhonn tuairisceán caiteachais fíoraithe a chuir na Tairbhithe Deiridh isteach, i.e. Coistí Gairmoideachais, Inistiúidí Teicneolaíochta, Ollscoileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachais. Is é €130 milliún méid iomlán an chúnaimh ESF ar féidir leis an Roinn a éileamh le linn na tréimhse 2007-2013.

Tá an Roinn bainteach le tarraingt anuas cúnaimh ERDF (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) chomh maith le tarraingt anuas cúnaimh ESF. Ach téann airgead ERDF go díreach chuig an Roinn Airgeadais (an Státchiste). Cuireadh doiciméadú maidir le clabhsúr a chur le Clár Oibríochta na hEarnála Táirigúla roimhe seo 2000-2006 faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta laistigh den scála ama aontaithe agus tugadh na saincheisteanna uile a bhain le hiniúchtaí clabhsúir chun críche.

Cuireadh an doiciméadú go léir maidir le clabhsúr Clár Oibríochta Forbartha Acmhainní Daonna agus Fostaíochta 2000-2006 faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta laistigh den scála ama aontaithe. Tá iarmhéid de thart ar €20 milliún gan íoc i leith éileamh a cuireadh isteach faoin mbabhta seo atá ag dul don Roinn agus táimid ag súil le é a fháil i 2011 nuair a phróiseálann Coimisiún an AE na híocaíochtaí deiridh ar chlabhsúr an chláir.

I 2010 rinne an Roinn monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le bearta oideachasúla sa HCIOP, i gCláir Oibriúcháin Réigiúnacha BMW agus S&E. Cuireadh tuarascálacha airgeadais agus dul chun cinn cuimsitheacha ar na bearta uile ar fáil do Chruinnithe Coiste Monatóireachta an Earraigh.

Ina theannta chuir an Roinn comhlíonadh ceanglais NDP/AE chun cinn – d'eisigh ciorcaláin agus treoirlínte ar Rialacháin ESF do bhabhta maoinithe 2007-2013 chuig gach tairbhí poiblí; d'éascaigh sí cuairteanna rialaithe/iniúchtaí agus rinne iarmheasúnú ar shaincheisteanna a tógadh ag an iniúchadh.

Cuireadh tús le réamhphléití idir Údarás Bainistíochta ESF agus Coimisiún an AE ar na tosaíochtaí, bearta, socruithe maoinithe/cúnaimh agus cumraíocht a d'fhéadfadh a bheith ann don chéad bhabhta eile de chistí struchtúracha (is é is dóichí ó 2014-2020) i 2010 agus leanfaidh siad seo thar na chéad trí bliana eile mar ullmhú d'fhoilsiú cláir oibriúcháin ESF don AE agus d'Éirinn. Is é an cuspóir foriomlán a bheidh ag na hidirbheartaíochtaí seo tarraingt anuas cúnaimh AE d'Éirinn agus do chláir a bhaineann le hoideachas, a uasmhéadú. Ag an staid seo is é an príomhchreat beartais ar dóigh go ngabhfaidh sé i bhfeidhm ar chinnteoireacht maidir le roghnú bearta oideachais do mhaoiniú AE ná Straitéis 2020.

Is iad seo a leanas cúig phríomhsprioc an AE dá Straitéis 2020, ar thacaigh Comhairle na hEorpa leo:

- Ráta fostaíochta an daonra in aois a 20-64 a ardú ón 69% atá ann faoi láthair go 75%.
- An infheistiocht i dTaighde agus i bhForbairt (R&D) a ardú go 3% de GDP an AE

[11] Tagrann BMW do Chlár Oibriúcháin Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair
[12] Tagrann S&E do Chlár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

- Freastal ar chuspóirí ’20/20/20’ an AE ar laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus fuinnimh in-athnuaite.
- An scair de luathfhágálaithe scoile a laghdú ón 15% atá ann faoi láthair go dtí faoi bhun 10%, agus an cohórt in aois a 30-34 a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu a ardú go dtí 40% ar a laghad.
- Líon na nEorpach atá ina gcónaí faoi thairseach na bochtaineachta a laghdú 25%, a bhainfeadh 20 milliún ón 80 milliún reatha as an mbochtaineacht.

Tá gaol dlúth idir na spriocanna seo agus iad criticiúil do ráthúlacht fhoriomlan an AE. Chun a chinntiú go ndéanann gach Ballstát straitéis na hEorpa 2020 a shaincheapadh dá chúinse áirithe féin, éileoidh Coimisiún an AE go ndéantar spriocanna AE a aistriú isteach ina spriocanna agus ina gconairí náisiúnta.

Cuspóir 4.4: Freagairt na Roinne do thionscnaimh um sásamh do mhí-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe a bhainistiú

An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA)

Ó fhoilsiú Thuarascáil an Choimisiúin i 2009 tá an Roinn tar éis gabháil do na gníomhaíochtaí ábhartha sa Phlean Feidhmithe chun moltaí na Tuarascála a chur chun cinn go háirithe i leith oideachais, rianú teaghlaigh, soláthar eolais d’iarchónaitheoirí agus dearadh Cuimhneacháin.

I rith 2010, lean an Coimisiún air ag glanadh a chostais ionadaíochta dlithiúla tríú páirtí agus ag déanamh socruithe do choimeád nó do dhiúscairt a dhoiciméad, de réir na bhforálacha reachtúla.

I rith 2010, thabhaigh an Roinn caiteachas €2.26 milliún i leith an Choimisiúin, rud a thóg an caiteachas iomlán ar an gCoimisiún go dtí deireadh 2010 go €65.194 milliún.

An Bord Sásamh d’Institiúidi Cónaithe (RIRB)

Cuireann an Roinn maoiniú agus tacaíocht ar fáil don RIRB, a bunaíodh i Nollaig 2002 chun dámhachtainí airgeadais a chur ar fáil d’íospartaigh mhí-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe. Phróiseáil an RIRB 607 iarratas le linn 2010 a raibh 522 dámhachtain de thoradh orthu. Ba é 14,388 líon iomlán na n-iarratas a próiseáladh go deireadh 2010.

I gcás nach mbíonn duine sásta le dámhachtain a rinne an RIRB tar éis éisteachta féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an gCoiste Athbhreithnithe do Shásamh d’Institiúidi Cónaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtain an Bhoird. Féadfaidh an Coiste Athbhreithnithe seasamh le dámhachtain an Bhoird, nó méid na dámhachtana a mhéadú nó a laghdú. Rinneadh 17 dámhachtain tar éis Athbhreithnithe le linn 2010.

D’íoc an Roinn thart ar €46.5 milliún i ndámhachtainí sásaimh agus i gcostais ghaolmhara le linn 2010. B’ionannn agus thart ar €1.05 billiún an caiteachas carnach go deireadh 2010.

An Bord Airgeadais Oideachais (EFB)

Lean an Roinn ag tacú le ról EFB a bunaíodh i bhFeabhra 2006 chun deontais oideachais a chur ar fáil d'iarchónaitheoirí institiúidí agus dá dteaghlaigh.

D'fhaomhaigh an EFB 1,901 deontas i leith iarchónaitheoirí agus a dteaghlach i rith na bliana. Chaith an Bord thart ar €1.51 milliún ar dheontais oideachais rud a d'fhág iarmhéid thart ar €3.65 milliún ar fáil ag deireadh 2010 chun deontais oideachais a chur ar fáil d'iarchónaitheoirí agus dá dteaghlaigh sa todhchaí.

Iarratais Saoráil Faisnéise (FOI) a bhain le hiarchónaitheoirí

I rith 2010, phróiseáil an Roinn 475 iarratas Saoráil Faisnéise ar thaifid ó iarchónaitheoirí scoileanna saothair agus institiúidí eile rud a thug iomlán iarratais dá leithéid a próiseáladh go dtí 12,652 faoi dheireadh 2010.

Rianú teaghlaigh, comhairle agus tacaíocht

Chuir an Roinn maoiniú thart ar €0.95 milliún ar fáil do sheirbhísí rianaithe teaghlaigh agus seirbhísí comhairle agus tacaíochta d'iarchónaitheoirí institiúidí i 2010.

Ciste Reachtúil chun Tacú le Riachtanais Mharthanóirí

I bhfianaise freagairtí aonair na gcuallachtaí reiligiúnacha don iarratas ar ranníocaíochtaí breise agus tuarascáil an Phainéil ar leordhóthanacht ráiteas airgeadaí na gcuallachtaí mar bhonn lena n-acmhainní a mheasúnú, d'fhógair an Rialtas go raibh sé den tuairim gur cheart costais na freagartha do mhí-úsáid in institiúidí cónaitheacha a roinnt ar bhonn 50:50 idir an cáiníocóir agus iad siúd a bhí freagrach as institiúidí cónaitheacha. Ag an am céanna in Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé i gceist aige €110m de na ranníocaíochtaí ionchais a chaitheamh chun Ciste Reachtúil a bhunú chun tacú le riachtanais mharthanóirí mí-úsáide institiúide.

Cuspóir 4.5: Cur le forbairt

Comhoibriú Thuaidh/Theas trí mhalartú eolais agus foghlama agus comhghníomh i réimsí aontaithe an leasa choitinn
Oideachas trí chomhoibriú agus trí chinnteoireacht ag leibhéal AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Tá an Roinn freagrach as forbairt comhoibrithe i réimse an oideachais idir an dá chuid d'oileán na hÉireann, i gcomhthéacs chomhaontú Aoine an Chéasta. Is é a príomhfheidhm ina leith seo, an comhoibriú seo a thabhairt chun cinn tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus chun beartais i gcoiteann a fhorbairt sna réimsí saincheaptha mar riachtanais oideachais speisialta, tearcghnóthachtáil oideachasúil, soghluaisteacht mhúinteoirí agus malartuithe múinteora, óige agus scoile.

In Eanáir 2010, chuir na Ranna Oideachais Thuaidh/Theas tús foirmiúil le staidéar Thuaidh-Theas ar chomhoibriú in earnáil an oideachais. Clúdaíonn an staidéar seo comhoibriú atá ann faoi láthair idir an dá Roinn san earnáil oideachais, an poitéinseal le haghaidh tuilleadh comhoibrithe agus clár gnímh molta.

Tugadh Cuid 1 den staidéar a chuimsíonn cleachtadh scóipe ar ghníomhaíocht chomhoibríoch Thuaidh-Theas atá ann faoi láthair agus a bhí ann le gairid sna hearnálacha óige agus oideachais, a tugadh chun críche i ndréachtfhormáid i 2010. Lean an caidreamh idir an dá Roinn i 2010 maidir leis na socruithe do Chuid a 2 den staidéar a aontú.

D'eagraigh an dá Roinn le chéile, i gcomhthéacs obair i gcomhar chun tabhairt faoi thearcghnóthachtáil oideachasúil, comhdháil ráthúil dhá lá ar uimhearthacht iarbhunscoile i bhFeabhra 2010. D'fhiosraigh an chomhdháil an cás ar son athraithe i gcuraclaim agus in oideolaíocht na matamataice, na rannpháirtithe ag roinnt a gcuid taithí agus smaointe ar dhea-chleachtas agus réimsí don obair i gcomhar maidir le matamataic amach anseo á bhfiosrú.

I bhfómhar 2010, chuir na cigireachtaí scoile sa dá dhlínse tús le measúnú ar an gclár *Teorainneacha á nDíscaoileadh.* Is é cuspóir an mheasúnaithe seo measúnú a dhéanamh ar thorthaí oideachasúla agus ar thairbhithe níos leithne an chláir.

Coinníonn an Roinn uirthi, lena comhroinn i dTuaisceart Éireann, ag cómhaoiniú raon tionscnamh comhoibríoch Thuaidh Theas lena n-áirítear na cláir *Scoileanna Eorpach, Teorainneacha á nDíscaoileadh* agus *Nasc Sibhialta.* B'ionann agus €1.22 milliún caiteachas iomlán na Roinne seo chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo i 2010. Tugann an tábla thíos[13] miondealú ar rannpháirtithe i dtionscadail agus i gcláir Thuaidh Theas a fuair tacaíocht airgeadais i 2010.

An Líon Iomlán Scoileanna	**1891**
Líon Iomlán na nGrúpaí Óige	**17**
An Líon Iomlán Múinteoirí/Oiliúnóirí	**1,042**
Líon Iomlán na Mac Léinn	**101,220**
An Líon Iomlán Daoine Óga	**856**

I 2010 thug an Roinn thart ar €870,000 in ioncam agus i gcaiteachas caipitil do Lárionad Middleton don Uathachas (Ard Mhacha).

Clár Scoláireachta George Mitchell

I 2007, socraíodh ranníocaíocht Rialtas na hÉireann don Chlár Scoláireachta seo a mhéadú de €20 milliún, ag brath ar mhaoiniú comhoiriúnaithe a bheith á chruinniú. Ní féidir go mbeadh maoiniú ó chistí poiblí in Éirinn (Thuaidh ná Theas) san áireamh sa mhaoiniú comhoiriúnaithe seo. Tugadh an tAcht um Chiste Scoláireachtaí George Mitchell (Leasú) i ngníomh i Meitheamh 2010 agus leasaíonn sé reachtaíocht 1998 chun bonn dlíthiúil a fhoráil d'fhorfheidhmiú cinneadh 2007. Áirítear ar phríomhfhorálacha an Achta leasaithigh go ndéanfaidh an Roinn, ag brath ar mhaoiniú comhoiriúnaithe a bheith á chruinniú ag an mbainisteoir ciste, íocaíochtaí bliantúla suas le €4 milliún in aghaidh na bliana isteach sa chiste go dtí go mbainfear an teorainn fhoriomlán €20 milliún amach. Forálann reachtaíocht 2010 do chomhaontú nua mionsonraithe bainistíochta agus maoinithe idir an Roinn agus an bainisteoir ciste – comhlíonadh comhaontú nua an 1 Meitheamh 2010. Rinne an Roinn íocaíocht thosaigh de thuairm is €1,494,000 isteach sa Chiste Scoláireachtaí an 30 Iúil 2010 faoin gcomhaontú nua.

[13] Eascraíonn an méadú suntasach ar líon na scoileanna agus na mac léinn a ghlac páirt i dtionscadail Thuaidh/Theas i 2010 as rannpháirtíocht 401 scoil agus 75,606 mac léinn sa dlínse seo i dtionscadal bliantúil Seachtain na Matamataice in Éirinn i nDeireadh Fomhair 2010

Beartas Oideachais AE

Cuireann an Roinn le cur chun cinn na hÉireann mar ionad don oideachas idirnáisiúnta trí fhorbairt agus trí chomhordú beartais; trí thacú le gníomhaireachtaí Rannacha a rialaíonn agus a thacaíonn le hoideachas idirnáisiúnta in Éirinn, trí scoláireachtaí a bhronnadh ar mhic léinn iarchéime idirnáisiúnta ar mian leo taighde a dhéanamh in Éirinn agus trí chuairteanna amach agus isteach ó cheannairí agus ó chinnteoirí oideachasúla a éascú.

Faoi na Conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach, tá lánfhreagracht ar Bhallstáit as eagrú a gcóras oiliúna gairme agus oideachais, as ábhar an teagaisc agus a n-éagsúlacht teangeolaíoch agus cultúrtha, agus is é ról an AE comhoibriú agus tacaíocht a spreagadh agus a éascú agus gníomhartha na mBallstát a chomhlánú. Dáiríre, oibríonn an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit le chéile ar raon réimsí beartais oiliúna agus oideachais de réir tosaíochtaí frithpháirteacha, é de chuspóir dea-chleachtas idir saineolaithe náisiúnta a roinnt faoin rud ar a dtugtar "modh oscailte comhordaithe".

Buaileann Airí Oideachais AE le chéile ag an gComhairle Oideachais sa Bhruiséal. Tacaíonn an Coiste Oideachais, a bhfreastalaíonn foireann ón Roinn air, leis an gComhairle Oideachais. Bhí trí chruinniú déag an an gCoiste seo, arbh é an príomhfhóram inar féidir le hÉirinn tionchar a bheith aici ar dhréachtadh doiciméad aontaithe chun tosaíochtaí náisiúnta a léiriú, i 2010.

Ba bhliain shuntasach í 2010 do chomhoibriú AE ar oideachas agus ar oiliúint, toisc go raibh oideachas agus oiliúint go lárnach i *'An Eoraip 2020 – straitéis AE do phostanna agus d'fhorás suas go dtí 2020'*. D'aontaigh Ballstáit dhá phríomhsprioc AE sonrach don oideachas agus don oiliúint. Ghlac Ceannairí Stáit agus Rialtais leis na spriocanna seo níos deireanaí, spriocanna a bhí dírithe ar leibhéil oideachais a fheabhsú, faoi Eoraip 2020, agus ba iad sin díriú ar rátaí luathfhágáil scoile a ísliú go dtí níos lú ná 10% agus an sciar de lucht 30-34 bliain d'aois a bhfuil oideachas tríú leibhéal nó a choibhéis acu a ardú go dtí 40% ar a laghad. Tá spriocanna náisiúnta na hÉireann bunaithe ar spriocanna gaolmhara atá ann cheana faoinár Straitéis Scileanna Náisiúnta (NSS) agus glacadh leis na príomhspriocanna náisiunta seo san oideachas agus cuireadh an Coimisiún ar an eolas fúthu i Nollaig 2010.

Aistríodh spriocanna NSS ina spriocanna AE molta mar a leanas:

- Is é sprioc molta 2020 na hÉireann maidir le daoine idir 18-24 bliain d'aois le hoideachas dara leibhéal íseal ar a laghad acu agus gan oideachas nó oiliúint bhreise acu ná 8%.
- Is é sprioc molta 2020 na hÉireann do bhaint amach oideachais tríú leibhéal ag daoine idir 30-34 bliain d'aois ná 60%.

Clár don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (LLP) 2007-2013

Cumasaíonn an Clár seo daoine aonair ag gach staid ina saoil gabháil do dheiseanna foghlama ar fud na hEorpa. Ceithre fho-chlár atá ann: Erasmus, Comenius, Leonardo DaVinci agus Grundtvig, chomh maith le traschláir a chlúdaíonn téamaí idirearnálacha mar ICT agus teangacha. Déanann an HEA (Erasmus) agus Léargas (gach fo-chlár eile) an Clár a riaradh in Éirinn.

Idir 2007 agus 2013, gheobhaidh Éire breis agus €80 milliún ón gClár a cheadóidh do thart ar 18,500 mac léinn triú leibhéal agus foireann léachtóireachta in Éirinn páirt a ghlacadh i malartú oideachasúil Erasmus. Cuirfidh an maoiniú seo ón AE deiseanna ar fáil freisin do thart ar 2,500 oiliúnaí in Éirinn tairbhe a bhaint as socrúcháin oibre Eorpacha, do thart ar 800 oibrí uas-scileáil le linn socrúcháin i gcuideachtaí Eorpacha, do thart ar 500 gairmí oiliúna agus gairmoideachais dea-chleachtas a mhalartú agus do 550 scoil agus 150 eagraíocht oideachais aosaigh a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí Eorpacha

éagsúla. Anuas orthu seo tabharfar an deis do 1,100 múinteoir agus múinteoir an lae amáraigh páirt a ghlacadh sa chlár Comenius. Leithdháileadh maoiniú iomlán beagnach €11.2m d'Éirinn faoin gClár i 2010.

Is iad an Roinn seo, agus an Roinn Gnóthaí Óige agus Sláinte na húdaráis náisiúnta, nó na hurraithe, a dhéanann maoirseacht ar riaradh an chláir ag na gníomhaireachtaí. Tá ionadaíocht ag an dá Roinn ar Bhord Stiúrthóirí Léargas. Is gníomhaireacht chliaint den Roinn seo é Léargas i ngnóthaí mar cheapachán an bhoird agus socruithe deontais agus tuairiscithe. Bhí idirphlé ag an Roinn le Léargas ar na tionscnaimh agus ar na treoracha éagsúla a dréachtadh i 2010 do ghníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála go ginearálta, agus ar an gClár um Foghlaim ar Feadh an tSaoil chomh maith.

Anuas ar a freagrachtaí ginearálta maidir leis an gClár um Foghlaim ar Feadh an tSaoil, shocraigh an Roinn, i gcomhréir le ceanglais AE, go mbeadh athbhreithniú meántéarma ar fheidhmiú an LLP a dhéanfaí agus a chuirfí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i 2010.

Comhairle na hEorpa

Lean an Roinn lena hionadaíocht ar an gCoiste Stiúrtha don Oideachas (CDED) de chuid Chomhairle na hEorpa.

UNESCO

Feidhmíonn an Roinn mar choimisiún náisiúnta na hÉireann d'Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe.

Oideachas Idirnáisiúnta

Bhunaigh an Roinn agus bhí ina cathaoirleach ar Ghrúpa nua Ardleibhéil ar Oideachas Idirnáisiúnta, ag tabhairt ionadaithe ón earnáil oideachais agus ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí Rialtais ábhartha le chéile. Tá de chúram ar an nGrúpa comhordú ar bhonn náisiúnta a sholáthar do chur chun cinn na hÉireann mar lárionad d'oideachas idirnáisiúnta.

D'fhorbair an Grúpa freisin straitéis deich bpointe chun oideachas idirnáisiúnta a chur chun cinn, a d'fhoilsigh an Roinn mar *Infheistiú i gCaidreamh Domhanda: Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010-2015.* Tá de chúram ar an nGrúpa Ardleibhéil moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm, moltaí atá ceaptha freastal ar sprioc an Rialtais líon na mac léinn idirnáisiúnta in Éirinn a dhúbailt faoi 2016.

Caibidil 5 – Tacú le Seachadadh & Díriú ar Riachtanais ár gCustaiméirí

Acmhainn na hEagraíochta

Ó pheirspictíocht acmhainní daonna de i rith saolré Ráiteas Straitéise 2008-2010 na Roinne, bhí caillteanas suntasach foirne ann de bharr dul ar scor, an Scéim Sos Gairme Dreasaithe, aistriú amach foirne agus an moratóir ar earcaíocht agus ar ardú céime. Dá réir bhí sé riachtanach tosaíocht a thabhairt d'obair ar bhonn riosca agus na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus díriú ar fholúntais a líonadh sna réimsí criticiúla seo chun a laghad tionchair agus ab fhéidir a chinntiú ar sheachadadh seirbhíse san earnáil oideachais.

De thoradh aistriú feidhmeanna áirithe idir Ranna Rialtais a d'fhógair an Rialtas i Márta 2010, sannadh freagracht as beartas oiliúna agus scileanna don Roinn seo le héifeacht ó 1 Bealtaine 2010. D'fhág an t-aistriú gur ath-sannadh freagracht as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal ón Roinn seo don Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.

Ar an líon foirne sa Roinn amhail ó dheireadh Nollag 2010 bhí 1,270 coibhéis lánaimseartha (WTE) lena n-áirítear 132 cigire scoile agus 165 siceolaí WTE (NEPS).

Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá an Roinn tiomanta do sheachadadh seirbhísí ardchaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí go léir, go háirithe foghlaimeoirí. Léirítear an tiomantas seo i Ráiteas Straitéise na Roinne 2008-2010 agus tugtar tacaíocht dó i bpróisis bhainistíochta feidhmíochta sa Roinn, áit a n-aithnítear seirbhís do chustaiméir mar inniúlacht lárnach dár mbaill foirne. Neartaítear an tiomantas seo in ár gCairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gnímh do Chustaiméirí. Tá an Roinn tiomanta freisin do chaidreamh a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus seirbhísí a sheachadadh dóibh trí mheán na Gaeilge, nuair is é sin is rogha leo.

Tá nósanna imeachta iomchuí ag an Roinn chun (a) déileáil le gearáin fhoirmiúla ó chustaiméirí maidir le seirbhísí do chustaiméiri agus (b) chun freagairt na Roinne d'iarratais ó na comhlachtaí seo a leanas a chomhordú:

- Oifig an Ombudsman
- Oifig an Ombudsman do Leanaí
- An Coimisinéir Teanga

Déantar monatóireacht ar na nósanna imeachta seo ar bhonn leanúnach.

I rith 2010 thug breis agus 660,000 cuairteoir ar leithligh ó bhreis agus 208 tír beagnach 1.4 milliún cuairt ar láithreán gréasáin na Roinne, www.education.ie, .

Tacaíocht á tabhairt don phróiseas Parlaiminte

I 2010 thug an Roinn freagra ar 3,370 Ceist Pharlaiminte a chuir Teachtaí i nDáil Éireann, ba freagraí scríofa 3,158 díobh seo agus d'fhreagair an tAire 212 ó bhéal le linn Tráth na gCeist. Foilsíodh na ceisteanna agus na freagraí agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie. Fuarthas 211 iarratas ar thuairimí maidir le Dréachtmheabhráin don rialtas freisin.

Chomh maith leis seo fuair Oifig an Aire breis agus 7,500 uiríoll agus 10,000 r-phost i rith 2010.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Fuair an Roinn 796 iarratas nua i rith 2010 a raibh 663 díobh pearsanta, bhí 128 neamhphearsanta agus bhí 5 cinn measctha. San áireamh sna figiúirí seo bhí iarratais ó iarchónaitheoirí ó na hinstitiúidí cónaithe a luadh in áit eile sa tuarascáil.

Dheonaigh an Roinn 127 iarratas FOI go hiomlán, dheonaigh sí 254 iarratas i bpáirt agus dhiúltaigh sí do 167 iarratas i rith 2010. Ina theannta tarraingíodh 15 iarratas siar, déileáladh le 79 iarratas lasmuigh den FOI agus aistríodh 2 cheann amach as an Roinn.

Bainistíocht Airgeadais

Tá nósanna imeachta bainistíochta riosca agus iniúchóireachta inmheánaí iomchuí ann chun comhlíonadh treoirlínte nós imeachta airgeadais poiblí agus reachtaíocht um íoc pras a chinntiú agus chun freastal ar cheanglais reachtúla. Tugann an Rannán Iniúchóireachta Inmheánach[14] faoina chuid oibre de réir chlár oibre bliantúil a ndéanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne maoirseacht air. Tá ballraíocht cúigear ag an gCoiste (lena n-áirítear trí bhall seachtracha, ar dhuine acu an Cathaoirleach) agus cuireann sé comhairle ar fáil maidir le rialú inmheánach, an timpeallacht bainistíochta riosca agus cúrsaí iniúchóireachta. I rith 2010 cuireadh iomlán fiche is a trí thuarascáil iniúchóireachta i láthair an Choiste, lena n-áirítear ceann arbh tiomantas é faoin bPlean Iniúchóireachta Náisiúnta a aontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach maidir le cláir a raibh tacaíocht an Chiste Forbraíochta Réigiúnaí Eorpaigh aige. Anuas air seo, rinne an Rannán athbhreithniú ar leordhóthanacht an ghnímh leantaigh ó thuarascála iniúchóireachta roimhe seo.

I dteannta iniúchtaí cistí AE ag an Rannán Iniúchóireachta Inmheánach, agus de réir ceanglais Rialacháin AE, rinne an Roinn seiceálacha rialaithe bainistíochta ar gach éileamh ar an gCiste Sóisialta Eorpach (ESF) a fuarthas i 2010 sular cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad le go ndéanfaí íocaíocht le hÉirinn. Cheadaigh sé seo go bhfuair Éire iomlán €52 milliún i gcúnamh ESF i rith 2010, €50 milliún de i leith gníomhaíochtaí a reáchtáil nó a reáchtáileadh thar ceann na Roinne seo agus a chuid Gníomhaireachtaí.

I rith 2010 thug an tAonad Airgeadais lear nua tuarascálacha caiteachais isteach chun cuidiú leis an mbainistíocht monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas dá réimsí siúd.

Cur le comhoibriú trasrannach

Tugann Ráiteas Straitéise na Roinne do 2008-2010 ar aird go bhfuil ról an oideachais i dtacú le cuspóirí beartais Rialtais níos leithne an-suntasach agus go leathnaíonn sé thar raon iomlán an chláir d'fhorbairt eacnamaíoch, do chuimsiú sóisialta, do cháilíocht na beatha agus do shaoránacht ghníomhach. Léirítear é seo i bpríomhfhreagrachtaí leathana gach Aire Stáit a shanntar don Roinn seo. Áirítear i ngach ceann dá rólanna maoirseacht agus ceannaireacht ar shocruithe do chomhordú le Ranna eile chun mórchuspóirí beartais Rialtais a bhaint amach do:

- foghlaim ar feadh an tsaoil
- lánpháirtiú daoine nuathagtha in Éirinn
- forbairt Oideachas Luath-Óige

[14] Is éard atá sa Rannán Iniúchóireachta Inmheánach ná an tAonad Iniúchóireachta Inmhéanach agus Aonad Rialaithe Airgeadais ESF (Údarás Iniúchóireachta an Chiste Sóisialta Eorpaigh) araon.

- nuálaíocht sa gheilleagar a spreagadh;
- cur chun cinn seachadadh comhordaithe seirbhísí sna hearnálacha oideachais agus sláinte do dhaoine faoi mhíchumas agus le riachtanais oideachasúla speisialta, agus na gnéithe sin d'fheidhmiú an EPSEN agus na hAchtanna Míchumais a bhaineann le hoideachas a dteastaíonn comhordú uathu san earnáil sláinte agus maoirseacht an ghrúpa fheidhmithe tras-earnálach a bunaíodh i gcomhthéacs feidhmiú na nAchtanna.

Ar shaincheisteanna leathana tábhachtacha eile áirítear idirghníomhaíocht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla i bpleanáil do sholáthar scoileanna nua chun freastal ar riachtanais phobal atá ag teacht chun cinn, feidhmiú straitéis an Rialtais do sholáthar scileanna sa todhchaí agus i bhforbairt ár gcumas forbartha agus taighde (leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus daoine ach iad), cur chun cinn an chláir leathain chuimsithe sóisialta, lena n-áirítear feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta (le Roinn an Taoisigh agus le daoine nach iad), forbairt beartas chun an Ghaeilge a chur chun cinn, feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Drugaí, an clár RAPID (leis an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta), cur chun cinn bearta comhionannais thar an córas oideachais (i gcomhar leis an Roinn Dlí, Comhionannnais agus Áthchóirithe Dlí agus leis an Údarás Comhionannais) agus feidhmiú Reach Out: an Straitéis Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

Lean oifigigh de chuid na Roinne orthu i rith 2010 lena gcaidreamh rialta le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile fúthu seo agus faoi raon saincheisteanna beartais eile, ar bhonn déthaobhach agus trí struchtúir chomhordaithe fhoirmiúla mar choistí idir-rannach, grúpaí oifigeach sinsearacha agus fochoistí rialtais.

Aguisín A: Cairt Eagraíochtúil – Eanáir 2011[15]

Brigid McManus Uasal
Ard-Rúnaí

Peter Baldwin Uas., Rúnaí Cúnta
- NEPS
- RIRU/Oideachas Speisialta
- Oideachas Speisialta

Pat Burke Uas., Rúnaí Cúnta
- Caidreamh Foirne Seachtrach
- Pinsin
- Iompar Scoile

Ruth Carmody Uas., Rúnaí Cúnta
- Oideachas Luathbhlianta
- Cuimsiú Sóisialta
- Staitisticí
- Ceartas don Óige
- High Support Special Schools

Martin Hanevy, Uas., Rúnaí Cúnta
- An Rannán Scoile

Michael Keogh Uas., Rúnaí Cúnta
- Seirbhísí Corparáideacha
- An tAonad Airgeadais
- Aonad IT
- Pearsanra
- Public Service Reform/NDP
- Press Office

Kevin McCarthy Uas., Rúnaí Cúnta
- Ardoideachas
  - Cothromas Rochtana
  - Policy And Skills
  - Taighde & Airgeadas

Dermot Mulligan Uas., Rúnaí Cúnta
- Fostaíocht agus Oiliúint
- Beartas/Oibríochtai ESF
- Breisoideachas
- Beartas Margaidh Saothair

Sean O'Foghlu Uas., Rúnaí Cúnta
- Pleanáil agus Tógáil
- Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí

Harold Hislop Uas., Príomhchigire
- An Chigireacht

Alan Wall Uas., Stiúrthóir
- Beartas ICT
- Idirnáisiúnta & Thuaidh/Theas
- Cáilíocht, Curaclaim & Beartas Measúnaithe
- Teacher Education

[15] Tuairiscíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánach na Roinne go díreach chuig an Ard-Rúnaí.

Aguisín B: Comhlachtaí neamhthráchtála faoi Choimirce na Roinne i 2010

An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	(CICA)
An Bord Airgeadais Oideachais	(EFB)
[16]Foras Áiseanna Saothair	(FÁS)
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	(FETAC)
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	(GGDA)
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	(HETAC)
An tÚdarás um Ard-Oideachais	(HEA)
Léargas – An Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas in Éirinn	(NCTE)
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	(NCCA)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	(NEWB)
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	(NQAI)
An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe	(RIRB)
An Coiste Athbhreithnithe d'Institiúidí Cónaithe	(RIRC)
Skillnets Ltd.	
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	(SEC)
[17]An Chomhairle Mhúinteoireachta	

[16] Tháinig FÁS agus Skillnets Ltd faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna ó Bhealtaine 2010
[17] Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta féinmhaoinithe ó Mhárta 2008

Aguisín C – Achoimre na nÍocaíochtaí Pras Eanáir go Nollaig 2010

An Roinn Rialtais – An Roinn Oideachais & Scileanna

Mionsonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) na n-íocaíochtaí iomlán a rinneadh (Líon)
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	10,066	427,584,692.06	71.17%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 go 30 lá	3,331	24,596,251.90	23.55%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh de bhreis ar 30 lá	747	2,945,074.70	5.28%
Líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh i 2010	14,144	455,126,018.66	100.00%
Méid Iomlán na Sonrasc a raibh Conspóid fúthu i 2010	71	1,413,958.42	

Foinse: Achoimre na dtuarascálacha Ráithiúla don Roinn de bhun Chinneadh Rialtais Uimh.S29296 de 19 Bealtaine 2009